

Tuairisc ar an Ghaeilge
sa Chóras Oideachais
i bPoblacht na hÉireann

Samhain 2017

Urraithe ag



Foras na Gaeilge



Foras na Gaeilge

Tá Gael Linn ar cheann den sé cheanneagraíocht atá
aitheanta ag Foras na Gaeilge san earnáil dheonach.

Sa chomhthéacs sin, is iad na mór-réimsí oibre againn ná:
Oideachas in Earnáil an Bhéarla agus d'Aosaigh, agus
Deiseanna Úsáide do Dhaltaí Scoile.

Táimid buíoch de COGG as a gcomhairle
agus a n-ionchur sa tuairisc seo.

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



© 2017
Gael Linn

35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2

www.gael-linn.ie

Clár na nÁbhar

Intreoir	4
1. An Bhunscolaíocht	8
Curaclam Nua Teanga na Bunscoile	8
Curaclam Comhtháite	9
Dearcadh léachtóirí sna coláistí oideachais ar an churaclam	9
Bunscoileanna Béarla	10
Bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge	10
Acmhainní agus ábhar i nGaeilge	11
2. An Iar-bhunscolaíocht	12
Ildirdhealú an T1 agus an T2 sa tSraith Shóisearach	14
Ildirdhealú an T1 agus an T2 sa tSraith Shinsearach	15
An Ardteistiméireacht	15
Siollabas Nua 2010	16
Díolúine ón Ghaeilge	17
3. Cáilíochtaí Múinteoireachta	18
Múinteoirí a Cháiligh taobh amuigh den Stát	19
Cúiseanna Imní agus Deacrachtaí Earcaíochta	20
Ceist na nGrádanna agus Iontráil Ollscoile	21
Dearcadh léachtóirí na gcoláistí oideachais	22
4. Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge	24
Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna i bPoblacht na hÉireann	25
Dúshláin	25
Pátrúnacht Scoileanna lán-Ghaeilge	26
5. Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022	29
Conclúidí	32
Laigí agus Bagairtí	32
Láidreachtaí agus Deiseanna	39
Moltaí	42
Aguisín 1: Pointí agus Ráitis Mhúinteoirí Bunscoile	43
Liosta Léitheoireachta	49

Intreoir

An toil, an tacaíocht, agus an t-airgead – na trí rud atá riachtanach chun aon ghníomh a chur i gcrích. Agus tá na trí rud seo an-riachtanach i gcur chun cinn na Gaeilge sa chóras oideachais; i scoileanna Gaeltachta, lán-Ghaeilge agus i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán.

Tá an-tábhacht le stádas, riocht, agus seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann; i saol gach páiste taobh amuigh den Ghaeltacht, is sa chóras oideachais den chuid is mó a bhuaileann na páistí leis an Ghaeilge den chéad uair sa tsochaí. Ach tar éis na bunscolaíochta, na hiar-bhunscolaíochta, agus na gcúrsaí tríú leibhéal, an bhfuil toradh ar an obair sin? An gcluintear cainteoirí múiníneacha líofa Gaeilge in oifigí stáit, sa ghnáthshaol nó i measc múinteoirí?

Agus i gcás bhunfhoinsé na teanga sa Ghaeltacht agus tús á chur le cur i bhfeidhm an **Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022**, cén difear a dhéanfaidh sin d'úsáid na teanga taobh istigh den Ghaeltacht?

Tá ról mór ag an chóras oideachais i gcaomhnú agus i gcothú na Gaeilge atá á labhairt laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Ní cainteoirí dúchais iad formhór lucht labhartha na Gaeilge, agus dá bhrí sin, tá ról lárnach ag an chóras oideachais chun dúshraith láidir a leagan síos ionas go ndéanfar cainteoirí muiníneacha líofa d'fhoghlaiméirí.

d'aois, atá ar tí an iar-bhunscolaíocht a chríochnú, dúirt beagnach aon trian díobh (40,626) nach raibh “Gaeilge labhartha” acu.

‘Beatha teanga í a labhairt,’ a deirtear, ach de réir an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), agus é ag trácht ar ghnáthmhuintir na hÉireann, is fearr a gcumas éigniómhach (an tuiscint a bhaineann siad as ábhar a chluineann agus a léann siad) sa Ghaeilge ná a gcumas gníomhach (labhairt agus scríobh). Maolóidh ar an chumas gníomhach de réir a chéile as siocair nach mbaineann daoine úsáid as an Ghaeilge ach go hannamh taobh amuigh den chóras oideachais fhoirmiúil.¹

In 2015 d'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) taighde faoin dearcadh atá ag daoine fásta in Éirinn i leith na Gaeilge.² Fuarthas amach go bhfuil leibhéal na tacaíochta don teanga measartha ard, ach nach bhfuil sí á labhairt ach ag céatadán beag daoine ar bhonn laethúil. Rinneadh ceangal sa taighde idir úsáid na Gaeilge agus na heispéiris a bhí ag daoine sa chóras oideachais agus ina líonraí sóisialta. Is léir, mar sin, go bhfuil tábhacht mhór leis an Ghaeilge sa chóras oideachais agus go gcaithfear tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus d'fhoghlaiméirí araon trí oiliúint, acmhainní agus modhanna múinteoireachta den scoth a chur ar fáil.

De réir taighde atá déanta ag Walsh, O'Rourke agus Rowland faoi “nuachainteoirí” na Gaeilge (daoine ar féidir leo a gcuid féin a dhéanamh den teanga, is cuma cad as dóibh nó cén cúlra atá acu) tá, nó bhí, an córas oideachais iontach tábhachtach do mhóramh acu. Pointe spéisiúil a gcaithfear ceann a thabhairt dó is ea gur minic a luann nuachainteoirí “múinteoirí inspioráideacha” a spreag iad lena gcuid féin a dhéanamh den teanga.³

Go hoifigiúil, tá ardstádas ag an Ghaeilge sa stát agus tá mórstraitéis agus polasaithe oifigiúla rialtais ann leis an teanga a neartú agus a chur chun cinn. Tá cinntí áirithe a dhéanann an Rialtas i dtaca leis an Ghaeilge sa chóras oideachais ag teacht salach ar a chéile. Mar shampla, cúis dóchais é seoladh an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* ar na mallaibh, ach is ábhar lagmhisnigh

é ísliú an íosriachtanais ó thaobh caighdeán iontrála Gaeilge de ag iarrthóirí ar chúrsaí tríú leibhéal oiliúna do mhúinteoirí bunscóile (cúrsaí fochéime agus iarchéime araon). Mura mbeidh ardchaighdeán Gaeilge ag na múinteoirí a bheidh ag dul i mbun oibre i scoileanna an stáit, beidh na daltaí thíos leis agus, le himeacht aimsire, rachaidh caighdeán an eolais atá ag an phobal ar an Ghaeilge in olcas agus déanfar maolú agus díshaibhriú uirthi mar theanga. Beidh sé thar a bheith doiligh staid na teanga féin a thabhairt aniar arís.

Taobh amuigh den scolaíocht, cén dearcadh atá ag daoine óga i dtaobh na Gaeilge? Tá stádas oifigiúil na Gaeilge leagtha amach in Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann,⁴ agus cé go bhfuil ardstádas ag an Ghaeilge mar phríomhtheanga an stáit, tá easnaimh mhóra, shuntasacha ann i dtéarmaí praiticiúla. Is féidir le saoránaigh méid áirithe gnó a dhéanamh leis an stát i nGaeilge, ach tá an Béarla á bhrú orthu mar níl go leor státseirbhíseach ann a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu chun seirbhísí stáit a chur ar fáil sa teanga sin. Go deimhin, tá cáineadh déanta ag an Choimisinéir Teanga ar an Roinn Oideachais agus Scileanna thar na blianta. In 2010, dúirt Seán Ó Cuirreáin gur “scanrúil an staitistic í” gan ach céatadán beag bídeach d'fhoireann na Roinne (1.5%) a bheith in ann seirbhísí a chur ar fáil don phobal i nGaeilge.⁵ Léiriú is ea an easpa scile sin ar laige bhunúsach sa chóras oideachais, agus caithfear aghaidh a thabhairt air sula dtéann an cás in olcas.

Tá *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030* ann agus is í an mhóraidhm atá luaite inti ná “úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil”. Sprioc eile atá ann ná “an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú go 250,000”. Tá díomá ann go forleathan faoina laghad dul chun cinn atá déanta leis an straitéis seo.

Bhí dhá mhórspríoc in *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*: “an líon daoine a mbeidh eolas acu ar an nGaeilge a ardú go 2 mhilliún; agus an líon daoine a úsáideann an Ghaeilge gach lá a ardú go 250,000”.

Is i nDaonáireamh 2011 atá na figiúirí oifigiúla is déanaí le fáil maidir le líon na gcainteoirí Gaeilge sa stát. Cuireadh

¹ *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, ERSI, Lúnasa 2015, lch 24

² *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, ERSI, Lúnasa 2015. Is féidir é a léamh anseo.

³ Tuarascáil Taighde ar Nuachainteoirí na Gaeilge le Walsh, O'Rourke agus Rowland, lch 6, agus alt ar Tuairisc.ie, 23 Aibreán 2015.4

⁴ 1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í

2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.

3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthai oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.

⁵ Féach Tuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Teanga, 2010, lch 7, agus alt in *The Irish Times*, 1 Nollaig, 2010

an cheist “An bhfuil tú in ann Gaeilge a labhairt?” Fiafraíodh díobh siúd a d’fhreagair go bhfuil siad, cé chomh minic a labhraíonn siad Gaeilge. Thug 1,774,437 duine (41.4% den daonra) le fios go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, méadú 7.1% le hais 2006. Maidir le daoine óga 10 go 19 mbliana d’aois, d’fhreagair beagnach duine as gach triúr acu (30.9%) nach raibh siad in ann Gaeilge a labhairt.

As an 1,774,437 duine a chuir in iúl go dtig leo Gaeilge a labhairt, dúirt 77,185 acu go labhraíonn siad go laethúil í taobh amuigh den chóras oideachais. Is méadú 5,037 é sin le hais 2006. 110,642 a thug le fios go labhraíonn siad go seachtainiúil í, agus dúirt 613,236 go labhraíonn siad níos lú ná uair sa tseachtain í. Chuir duine as gach ceathrar in iúl nach labhraíonn siad Gaeilge riamh, rud atá díomách.

Cé gur iomaí cur chuige – i ngach gné agus comhthéacs den tsaol – atá de dhíth le sprioc an cheathrú milliúin cainteoirí a fhíorú agus le húsáid na Gaeilge mar theanga phobail agus eolas uirthi a mhéadú, cuirtear na bunchlocha teanga síos agus saoránaigh óga ar scoil. Tá ríthábhacht mar sin leis an dóigh a gcuirtear an Ghaeilge i láthair sa chóras oideachais, leis an dóigh a múinteoir agus a bhfoghlaimítear í, agus leis an dóigh a ndéantar measúnú ina leith. Níl go leor airgid á chur ar fáil ag an rialtas lena pholasaithe agus straitéisí a chur i ngníomh ina n-iomláine. Den chuid is mó, díríonn Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge ar an saol taobh amuigh den chóras oideachais; an saol ina mbeidh daoine óga páirteach sa chuid eile dá saol. Rinneadh laghdú ar bhuiséad caipitil Údarás na Gaeltachta ó 18 milliún in 2010 go €7 milliún in 2016⁶ agus rinneadh laghdú ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge ó €18.2 milliún in 2010 go €14.5 milliún in 2016. Féadfaidh sé mar sin nach mbainfidh an Rialtas na mórspríocanna teanga amach. Má tá an Rialtas le beart de réir briathair a dhéanamh chomh fada agus a bhaineann sé le neartú na Gaeilge, tá athruithe suntasacha de dhíth ó thaobh meoin agus maoinithe de. In 2016 d’fhoilsigh Conradh na Gaeilge *Infheistíocht sa Ghaeilge agus sa Ghaeltacht ó 2017 ar aghaidh – An cás le haghaidh maoiniú breise*⁷, doiciméad a chuireann síos ar an maoiniú atá riachtanach chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gceart.

Tá ról ríthábhachtach ag an chóras oideachais i gcaomhnú agus i gcothú na Gaeilge atá á labhairt sa Ghaeltacht.

As siocair nach cainteoirí dúchais iad formhór lucht labhartha na Gaeilge, tá ról lárnach ag an chóras oideachais chun dúshraith láidir a leagan síos ionas go ndéanfar cainteoirí muiníneacha líofa d’fhoghlaiméoirí. De réir taighde atá déanta ag Walsh, O’Rourke agus Rowland faoi “nuachainteoirí” na Gaeilge (daoine ar féidir leo a gcuid féin a dhéanamh den teanga, is cuma cad as dóibh nó cén cúlra atá acu) tá, nó bhí, an córas oideachais iontach tábhachtach do mhóramh acu. Pointe spéisiúil a gcaithfear ceann a thabhairt dó is ea gur minic a luann nuachainteoirí “múinteoirí inspioráideacha” a spreag iad lena gcuid féin a dhéanamh den teanga.⁸

Chomh maith le taighde an triúir úd, foilsíodh staidéar in 2015 a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) faoin dearcadh atá ag daoine fásta in Éirinn i leith na Gaeilge.⁹ Fuarthas amach go bhfuil leibhéal na tacaíochta don teanga measartha ard ach nach bhfuil sí á labhairt ach ag céatadán beag daoine ar bhonn laethúil. Rinneadh ceangal sa staidéar idir úsáid na Gaeilge agus na heispéiris a bhí ag daoine sa chóras oideachais agus ina líonraí sóisialta. Níl aon cheist faoi mar sin ach go bhfuil tábhacht an-mhór leis an mhúinteoir Gaeilge agus go gcaithfear tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus d’fhoghlaiméoirí araon trí oiliúint, acmhainní agus modhanna múinteoireachta den scoth a chur ar fáil.

Rud eile a bhfuil géarghá leis, dar le ESRI, ná deiseanna do dhaltaí an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den scoil. Dúirt siad gur fearr an cumas éigniómhach (tuiscint a bhaint as ábhar a chluineann agus a léann siad) atá ag daoine ná a gcumas gníomhach (labhairt agus scríobh) agus gur dócha go maolódh ar a gcumas gníomhach de réir a chéile as siocair nach mbaintear úsáid as an Ghaeilge ach go hannamh taobh amuigh den chóras oideachais foirmiúil.¹⁰ Tugadh le fios sa staidéar céanna gur luadh go sonrach i dtuarascáil de chuid Chomhairle na hEorpa faoin pholasaí oideachas teanga in Éirinn an ganntanas deiseanna atá ann le húsáid a bhaint as an Ghaeilge taobh amuigh den scoil: dúradh gur chonstaic thromchúiseach é ar athbheochan na teanga sa tsochaí agus ar fhoghlaim na teanga. Sampla maith is ea cur chuige Gael Linn a bunaíodh 1953 agus a chruthaíonn deiseanna do dhaltaí an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga. Eagraíonn Gael Linn réimse leathan imeachtaí ag leibhéal na bunscoile, na meánscoile agus na hollscoile; Gaelbhrtach, Coirm, Féilte Peile,

díospóireachtaí, Scléip, Siansa, Caint Phoiblí, Tráth na gCeist, Bréagchúirt Uí Dhálaigh agus Coláistí Gaeltachta (www.gael-linn.ie).

In Éirinn, sa Phoblacht agus sa Tuaisceart, is gá don bhunscolaíocht agus don iar-bhunscolaíocht freastal ar réimse leathan daltaí: daltaí ar cainteoirí dúchais iad i nGaeilge nó i mBéarla; daltaí ar mian leo an teanga eile a fhoghlaim; daltaí ar cainteoirí dúchais iad ó thíortha eile a bheidh ag foghlaim Gaeilge agus Béarla (tá breis agus 200 teanga in úsáid in Éirinn sa lá atá inniu ann); agus daltaí a dtugtar díolúine dóibh ar chúiseanna áirithe ionas nach gá dóibh staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge. Tá riachtanais éagsúla ag na cainteoirí seo. I bPoblacht na hÉireann, níor tugadh an t-aitheantas ceart do riachtanais cainteoirí dúchais Gaeilge. Rinne cainteoirí dúchais Gaeilge staidéar ar an ábhar céanna agus a rinne foghlaiméoirí Gaeilge sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. Ó 2016, tá sonraíocht nua iar-bhunscoile ag teacht isteach a fhreastalóidh ar riachtanais na gcainteoirí sin agus pléifear na sonraíochtaí sin thíos.

Tá tábhacht le foghlaim teanga eile, mar a léiríonn Frank Smith, síctheangeolaí: ‘One language sets you in a corridor for life. Two languages open every door along the way’.

Cuireann foghlaim teanga ar a gcumas do pháistí an domhan thart orthu a thuiscint agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le daoine eile; bíonn siad in ann iad féin a chur in iúl agus a n-aighe a fhorbairt ar an iliomad bealaí trí choincheapa agus smaointe a fhorbairt. Is eochair í an teanga d’fhorbairt an pháiste mar dhuine agus d’fhorbairt na féiniúlachta. Ar ndóigh, d’fheadfaí an cheist a chur an féidir le cainteoirí Gaeilge bheith páirteach sa tsochaí nuair nach bhfuil na struchtúir ann chun freastal ar a riachtanais taobh amuigh den chóras oideachais? Ach tá seans ann le curaclam nua teanga na bunscoile agus le sonraíocht na sraithe sóisearaí tús a chur le hathrú meoin faoi úsáid na Gaeilge, a fhad agus atá an tsochaí toilteanach tacú leis. Cuireann **Gaelbhrtach** a eagraíonn Gael Linn, tacaíocht ar fáil do bhunscoileanna agus d’iarbhunscoileanna ar fud na tíre, úsáid na teanga a spreagadh trasna na scoile agus meas a chothú ar an Ghaeilge.

Sa tuairisc seo, amharcfar ar na curaclaim, ar na sonrúcháin, ar an chóras scrúdúcháin, ar an chóras oiliúna do mhúinteoirí agus ar phátrúnacht scoileanna. Cuirfear i láthair liosta láidreachtaí agus deiseanna, mar aon le laigí agus bagairtí. Déanfar conclúidí agus moltaí ag an deireadh maidir le céimeanna ba chóir a ghlacadh le riocht na Gaeilge sa chóras oideachais a fheabhsú, rud a bhfuil géarghá leis má tá an teanga le teacht slán agus le bheith neartaithe mar theanga phobail.

⁶ <https://www.meoneile.ie/ailt/daonaireamh-2016-agus-an-ghaeilge> Meon eile, 10 Aibreán 2017

⁷ https://cnag.ie/images/GaelV%C3%B3ta/14AI2016_Plean_MaoiniuBreise_RP_3.0.pdf

⁸ *Tuarascáil Taighde ar Nuachainteoirí na Gaeilge* le Walsh, O’Rourke agus Rowland, lch 6, agus alt ar *Tuairisc.ie*, 23 Aibreán 2015.

⁹ *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, ERSI, Lúnasa 2015. Is féidir é a léamh anseo.

¹⁰ *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, ERSI, Lúnasa 2015, lch 24

1. An Bhunscolaíocht

Curaclam nua Teanga na Bunscoile

Ingach cineál comhthéacs bunscolaíochta, leanann múinteoirí agus daltaí de gach cumas an curaclam teanga céanna, abheagnó amhór (tána heisceachtaí luaite thíos). Is scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna Béarla agus scoileanna speisialta iad na comhthéacsanna éagsúla bunscolaíochta.

I mí Mheán Fómhair 2016, tháinig *Curaclam nua Teanga na Bunscoile* do ranganna na naíonán, rang a haon agus rang a dó i bhfeidhm. Tá tús curtha le dearadh an churaclaim teanga do rang a trí go rang a sé agus táthar ag súil go mbeidh sé foilsithe faoi Mheán Fómhair 2018. Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) atá freagrach as an obair seo a dhéanamh. Is iad an Ghaeilge agus an Béarla an dá theanga atá sa Churaclam Teanga. Aithníonn an curaclam an tábhacht atá leis an Ghaeilge i saol páistí:

Leathnaíonn teagmháil leis an nGaeilge i rith thréimhse an bhunoideachais eispéreas teangeolaíoch an pháiste agus doimhníonn sé a f(h) easacht chultúrtha. Aithníonn an curaclam go bhfuil eispéreas agus eolas ar an nGaeilge tábhachtach toisc go gcuireann siad ar chumas an pháiste tosú ar a t(h)uisicint d'fhéiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha a shainmhíniú agus a chur in iúl.¹¹

Mar a fheictear sa chéad tábla thíos, tá formhór na ndaltaí bunscoile i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán.

Líon daltaí i mbunscoileanna 2014/2015 agus 2015/2016		
Bliain	2014-15	2015-16
<i>An Chéad leibhéal</i>	544696	553380
Bunscoileanna	536747	545310
Scoileanna Speisialta	7949	8070
Líon na Múinteoirí Bunscoile	33613	34576

Sna scoileanna sin, déanann na daltaí staidéar ar an Ghaeilge mar ábhar scoile. Léiríonn saothar Harris *et al.* an tábhacht atá leis na scoileanna sin i gcomhthéacs na Gaeilge:

Mar atá ráite roimhe seo (Harris, 1991b; Harris, 1997; Ó Riagáin & Harris, 1993) tá ról a bhfuil tábhacht ar leith leis ag gnáthscoileanna maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a atáirgeadh i ngach glúin nua. Toisc go bhfuil an ráta de tharchur nádúrtha na teanga lasmuigh de cheantair Ghaeltachta íseal, tá feidhm athnuachana na ngnáth-bhunscoileanna lárnach chun na leibhéil oilteachta labhartha sa Ghaeilge go náisiúnta a chothabháil.¹²

I gcomparáid le líon na ndaltaí sa tábla thuas, is céatadán beag de sin iad líon na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge sa tábla thíos.

Oideachas Trí Mheán na Gaeilge 2015/2016	
Líon lomlán na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta bunleibhéil:	45184
Galltacht	35850
Gaeltacht	9334

Sa chás s'acu, is cuid dá saol í an Ghaeilge; i gcás dhaltaí na scoileanna Gaeltachta, tá nasc gan bhriseadh acu a théann siar chomh fada le tús na teanga in Éirinn; i gcás dhaltaí na scoileanna lán-Ghaeilge, tá nasc á bhunú acu arís leis an Ghaeilge agus i gcás teaghlach áirithe, tá trí nó cheithre glúin de chainteoirí Gaeilge ann. Ach go dtí gur tháinig an curaclam nua isteach, bhí curaclaim roimhe seo ag freastal ar riachtanais na ndaltaí sna gnáthscoileanna, agus níor fhreastail na curaclaim sin ar riachtanais na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, áiteanna a mbíonn an Ghaeilge ina meán teagaisc agus ina cuid de shaol na ndaltaí sin. Leanann múinteoirí agus daltaí de gach cumas i ngach cineál comhthéacs bunscolaíochta an curaclam teanga céanna, a bheag nó a mhór (tá na heisceachtaí luaite thíos). Is iad scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna Béarla agus scoileanna speisialta na comhthéacsanna éagsúla bunscolaíochta.

Tá dhá leagan den churaclam nua ann: leagan do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus leagan do scoileanna Béarla. Tá an dá leagan mórán mar an gcéanna, cé is móite de thrí ghné. Baineann an chéad ghné leis an mheán teagaisc sa scoil. Tá Teanga 1 (T1) agus Teanga 2 (T2) in úsáid i ngach scoil. I bhformhór na scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge, is í an Ghaeilge an T1 agus is é an Béarla an T2; a mhálairt atá i gceist i scoileanna inarb é an Béarla an príomh-mheán teagaisc. Maidir leis an dára gné, cuireann sin comhthéacs teanga na scoile san áireamh i dtaca leis an mhéid a bhfuiltear ag súil leis ó na foghlaimoirí ag deireadh gach céime ó thaobh Torthaí Foghlama agus Mórchéimeanna Dul chun Cinn de. Sa tríú gné, tá dúshlán breise i gceist sa Chontanam Dul chun Cinn don Ghaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Baineann na dúshlán bhreise sin le gach ceann de na trí shnáithe atá mar chuid d'fhoghlaim teanga: teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Curaclam Comhtháite

Is é *Curaclam na Bunscoile* (1999) réamhtheachtaí an churaclaim nua reatha teanga. Ach de réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh, rinneadh athbhreithnithe agus taighde ar an churaclam sin agus léirigh siad, mar a deir sé in *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2016), go raibh gá le curaclam nua teanga don bhunscolaíocht "ina ndéantar comhtháthú idir an Ghaeilge agus an Béarla in aon churaclam teanga amháin do gach páiste i ngach comhthéacs scoile".¹³ Féachtar leis an mhéid sin a bhaint amach i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* a tháinig i bhfeidhm sna scoileanna i mí Mheán Fómhair 2016.

Tugtar 'curaclam comhtháite' ar *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Ó thaobh Torthaí Foghlama de, tá an struchtúr céanna agus na snáitheanna céanna ann don Ghaeilge agus don Bhéarla. Tuigtear go dtig le foghlaim agus forbairt scileanna agus coincheapa litearthachta i dteanga amháin tacú le dul chun cinn sa dara teanga agus i dteangacha eile ina dhiaidh sin. Mar sin féin, mar a aithnítear i *gCuraclam Teanga na Bunscoile*, caithfear "go leor teagmhála a bheith [ag daltaí] leis an teanga, agus spreagadh agus deiseanna go leor a bheith acu le dul i ngleic leis an teanga [eile] sin".¹⁴

Molann an curaclam do mhúinteoirí i mbunscoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán úsáid a bhaint as an Ghaeilge mar chuid de ghnáthchúrsa an lae i réimsí éagsúla den churaclam, seachas an dá theanga a bheith scoite amach ar fad óna chéile mar ábhair ar leith. Tá a shainfhoclóir féin ag baint le gach ábhar (cuir i gcás, an mhataimic, an eolaíocht, an tíreolaíocht agus an ceol) agus bíonn foghlaim na sainteanga agus na saintearmaíochta sa T1 a bhaineann leis na hábhair sin iontach tábhachtach agus modhanna múinteoireachta á roghnú. Is féidir le múinteoirí a chinntiú go mbainfear cuspóirí foghlama amach trí ábhar a mhúintear sa T1 a threisiú trí dhul siar air arís sa T2.

Dearcadh léachtóirí sna coláistí oideachais ar an churaclam nua

I mí Mhárta 2016, bhí cruinniú ag Gael Linn le léachtóirí ló choláiste oideachais a thug le fios go bhfuil siad sásta go bhfuil an curaclam "páiste-lárnaithe" agus "teanga-lárnaithe". Mhol siad an curaclam nua teanga; dúirt siad go raibh "cuma mhaith air ar pháipéar" agus ó thaobh na teoirice de.

Chítear dóibh go bhfuil caighdeán íseal Gaeilge ag páistí ar fhágáil na bunscoile dóibh, ach admhaíonn siad go bhfuil eisceachtaí ann. Dar leo, leis an churaclam

¹¹ *Curaclam Teanga na Bunscoile*, lch 7. Is féidir é a léamh anseo.

¹² *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*, John Harris et al, 2006

¹³ *Curaclam Teanga na Bunscoile*, lch 7

¹⁴ *Curaclam Teanga na Bunscoile*, lch 1

nua seo tá foghlaim Gaeilge na bpáistí ag brath cuid mhór ar chumas Gaeilge an mhúinteora. I dtaithí na léachtóirí, tá cuid mhór múinteoirí faoi oiliúint ina gcoláiste féin nach bhfuil spreagtha iontu féin leis an Ghaeilge a mhúineadh.

Chítear do na léachtóirí go n-imríonn dearcadh an phríomhoide scoile i leith na Gaeilge tionchar mór ar na múinteoirí: más amhlaidh atá suim aige nó aici sa teanga, éireoidh níos fearr leis na daltaí an Ghaeilge a fhoghlaim agus a shealbhú. Caithfear aon drogall a bheadh ar mhúinteoir a shárú trí oiliúint cheart i múineadh na Gaeilge a chur ar fáil dóibh sa dóigh go mbeidh siad breá muiníneach tabhairt faoi.

Bunscoileanna Béarla

Is é an Béarla atá mar T1 i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán agus is í an Ghaeilge atá mar T2. Tá dúshlán ar leith ann óir is teoranta na deiseanna taobh amuigh den scoil leis an Ghaeilge a chleachtadh agus a dhaingniú. Tá tábhacht ar leith leis an seomra ranga ó thaobh foghlaim na Gaeilge de, agus caithfidh múinteoirí pleanáil a dhéanamh ag leibhéal ranga agus ag leibhéal uile-scoile dá réir le seans a thabhairt do dhaltáí an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as a gcuid Gaeilge. Molann *Curaclam Teanga na Bunscoile* do mhúinteoirí an Ghaeilge a labhairt go rialta i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla i rith an lae ar láthair na scoile agus an Ghaeilge a úsáid chun ábhair eile, nó gnéithe díobh, a mhúineadh. Cuirtear le sealbhú agus le daingniú na Gaeilge i scoil Bhéarla ach úsáid a bhaint aisti “ar fud an churaclaim i réimsí ábhar lasmuigh den cheacht scoite teanga”.¹⁵

De réir Helen Ó Murchú, nuair a bhí *Curaclam na Bunscoile* (1999) i bhfeidhm, bhí ceithre uair an chloig in aghaidh na seachtaine le caitheamh ar an T1 agus 3.5 uair an chloig ar an T2 (3 uair an chloig ar an T1 agus 2.5 uair an chloig ar an T2 sna ranganna naíonán).¹⁶ Le *Curaclam nua Teanga na Bunscoile*, an curaclam comhtháite, molann an curaclam múineadh na Gaeilge a fhí sna hábhair uile agus i ngnáthimeachtaí neamhfhoirmiúla na scoile. Ní hamháin go dtreisíonn na cleachtais sin an Ghaeilge mar T2 na bpáistí, ach neartaíonn siad a gcuid foghlama sna hábhair uile a bhíonn á mhúineadh as Béarla. Ach más fíor an méid a deir na léachtóirí thuas faoi mhúinteoirí nach bhfuil spreagtha iontu féin leis an Ghaeilge a mhúineadh, cad

é mar a bheidh na múinteoirí seo ábalta an curaclam nua seo a chur i bhfeidhm? Ar shlí, is mó an dúshlán é múineadh na Gaeilge a fhí sna hábhair eile má tá cumas lag sa Ghaeilge ag na múinteoirí.

Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030*, leagtar béim ar an pháirt-tumadh sa Ghaeilge i ngach bunscoil ina bhfuil an Béarla mar mheán. De réir na Roinne Oideachais agus Scileanna, “Tá ábhar tacaíochta ar leith ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun tacú le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla roinnt ábhar nó gnéithe d’ábhair a mhúineadh trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs an churaclaim teanga ar bhonn céimnithe.”¹⁷ Is maith an rud é go bhfuil “ábhar tacaíochta ar leith ullmhaithe” ach cad é mar a bhogfaidh múinteoirí ó chumas lag go cumas láidir ag baint úsáide as? Is mór an difear idir an t-ábhar ullmhaithe agus gníomhartha ar siúl sna ranganna a rachaidh i bhfeidhm ar fhoghlaim na bpáistí.

Bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

Is í an Ghaeilge an príomhtheanga a bhíonn in úsáid i bhformhór na scoileanna sa Ghaeltacht agus i scoileanna lán-Ghaeilge (ina bhfuil luath-thumoideachas iomlán i bhfeidhm) taobh amuigh den Ghaeltacht. Cé gur chuir Mary Hanafin, a bhí ina hAire Oideachais ag an am, cosc in 2007 ar an tumoideachas iomlán i ranganna na naíonán sóisearach tar éis an dara téarma¹⁸, tarraingíodh siar an treoir sin in 2010 agus ceadaíodh luath-thumoideachas iomlán ceithre théarma. Sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*, treoraíonn an polasaí do scoileanna dhá bhliain luath-thumoideachais iomláin a chur i bhfeidhm le haitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.¹⁹

Ní mar a chéile an taithí agus an líofacht teanga a bhíonn ag na daltaí éagsúla i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. I scoileanna Gaeltachta tá daltaí áirithe ann a labhraíonn Gaeilge ar scoil agus sa bhaile, agus tá daltaí eile ann a labhraíonn Gaeilge ar scoil agus a labhraíonn Béarla taobh amuigh den scoil agus sa bhaile. Agus ar ndóigh tá daltaí ann nach labhraíonn ach Béarla. I scoileanna lán-Ghaeilge labhraíonn daltaí áirithe Gaeilge ar scoil agus sa bhaile, agus i gcás daltaí eile, is í an scoil lán-Ghaeilge an t-aon áit a mbíonn teagmháil acu leis an Ghaeilge. I gcás páistí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile, déantar a máthairtheanga a dhearbhu agus

a shaihbhríú. Maidir le páistí nach cainteoirí dúchais Gaeilge iad, moltar iad a thumadh sa teanga sna luathbhlianta ar scoil. De réir *Churaclam Teanga na Bunscoile*, “Bíonn an scoil Ghaeltachta gafa le caomhnú agus le cothú theanga an phobail trí na páistí a chumasú le hardscileanna Gaeilge a bhaint amach nuair nach mbíonn na páistí ina gcainteoirí dúchais.” Deir an curaclam fosta go gcuireann scoileanna lán-Ghaeilge ar chumas na bpáistí “ardscileanna a bhaint amach sa Ghaeilge” agus go bhfeidhmíonn na scoileanna sin “mar shuíomh athbheochana teanga”.²⁰

Acmhainní agus ábhar i nGaeilge

Tá feabhas mór tagtha le roinnt blianta anuas ar an raon acmhainní atá ar fáil i nGaeilge don bhunscolaíocht agus don iar-bhunscolaíocht, ábhar do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh. Le foireann bheag agus le hacmhainní teoranta, tá obair mhór déanta ag COGG agus ag an Ghúm le téacsleabhair agus réimse leathan áiseanna

eile a chur ar fáil, agus bíonn siad ag comhoibriú leis An tÁisíonad (Coláiste Ollscoile Naomh Muire, urraithe ag Foras na Gaeilge) agus leis an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA) i mBéal Feirste le hábharléitheoireachta agus acmhainní múinteoireachta a chur ar fáil. Bíonn roinnt ábhar a dhéantar ó thuaidh á gcur in oiriúint do dhaltáí bunscoile agus iar-bhunscoile i bPoblacht na hÉireann.

Is suntasach an feabhas atá tagtha ar raon na n-ábhar measúnaithe i nGaeilge do scoileanna i dtaca le riachtanais speisialta oideachais. Tá trialacha caighdeánaithe Gaeilge ann do dhaltáí a fhreastalaíonn ar scoileanna sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, ach tá ganntanas de na trialacha sin ann a bheadh oiriúnach le cumas cainteoirí dúchais Gaeilge a mheas. Moltar sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* gur chóir infheistíocht mharthanach a chur ar fáil “chun forbairt agus nuashonrú a dhéanamh ar na hacmhainní do scoileanna Gaeltachta agus don earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne.”²¹

¹⁵ *Curaclam Teanga na Bunscoile*, lch 18

¹⁶ *More Facts About Irish*, lch 144, 2008

¹⁷ *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 – Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn: 2010 go 2015*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Samhain 2015

¹⁸ https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0044_2007.pdf eisithe ag an Aire Oideachais ag an am

¹⁹ <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1l%20lacha-Beartais/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-2017-2022.pdf> lgh 8, 11,

²⁰ *Curaclam Teanga na Bunscoile*, lch 22

²¹ *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, lch 36

2. An Iar-bhunscolaíocht

An tSraith Shóisearach

Tá an Ghaeilge ina croí-ábhar san oideachas iar-bhunscolaíochta – déantar staidéar ar an Ghaeilge sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon. Seo a leanas eolas ó CNCM:

Tógann Gaeilge an Teastais Shóisearaigh ar an bhforbairt teanga a tharlaíonn i rith na bhunscolaíochta. Déantar treisiú ar stór focal an fhoghlaimeora agus ar na scileanna go léir teanga (an éisteacht, an labhairt, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht) a forbraíodh cheana, agus cuirtear leo. Chomh maith leis sin cuirtear le feacht chultúrtha an fhoghlaimeora le linn trí bliana na sraithe sóisearaí.²²

Bhí an bhéaltriail roghnach sa Teastas Sóisearach ar feadh i bhfad. In 2007 d'fhógair Mary Hanafin athrú ar an chóras agus tháinig sin i bhfeidhm den chéad uair in 2010.²³ Sa bhliain sin, ardaíodh an céatadán den mharc fhoriomlán a bhí ag dul don bhéaltriail ó 25% go 40%.²⁴ Ó shin, tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarrthóirí a dhéanann an bhéaltriail Ghaeilge: in 2015,

thug 32% acu fúithi, figiúr arb ionann é agus thart ar 17,000 dalta.²⁵ Aontaíonn Coimisiún na Scrúduithe Stait go bhfuil "significant increase evident in recent years in the numbers taking the optional oral in Irish with the reweighting of this component to 40%."²⁶

Ach anois, de réir na sonraíochta nua don Ghaeilge sa tsraith shóisearach, ní bheidh béaltriail ann ar chor ar bith, roghnach ná éigeantach. Beidh an teanga labhartha mar cheann de na tascanna rangbhunaithe, ach ní gá go mbeidh béaltriail, sa ghnáthchiall, i gceist.²⁷ I dtuairim Ghael Linn, gan measúnú neamhspleách, nach n-éireoidh le scrúdú cainte feidhmiú mar is cuí, go hairithe i gcás daltaí a bhfuil ardchumas acu sa Ghaeilge. Mar sin fein, is cuid lárnach de shonraíocht nua na sraithe sóisearaí í labhairt na teanga sa T1 agus sa T2. Sa tsonraíocht nua, is léir go bhfuil difear idir an dá shonraíocht ó thaobh labhairt na teanga; tá siad ag iarraidh freastal ar riachtanais éagsúla na ndaltaí mar atá le feiceáil:

T1	T2
<p>GNÉ: Labhairt: <i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:</i></p> <p>1.14 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa</p> <p>1.15 comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar</p> <p>1.16 focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí</p> <p>1.17 Gaeilge shaibhir chruinn a úsáid (an teanga bheo agus leaganacha canúnacha teanga san áireamh) ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí</p> <p>1.18 a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhríú</p> <p>GNÉ: Idirghníomhú cainte <i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:</i></p> <p>1.19 páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá</p> <p>1.20 idirghníomhú go muineach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla</p> <p>1.21 eolas, tuairimí agus dearcthaí a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú ag athinsint nó ag míniú mioneolais, mar is gá</p> <p>1.22 dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuirisciú agus a tharraingt le chéile</p> <p>1.23 smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine</p> <p>1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p> <p>1.25 déileáil le deacrachtaí tuisceana ar mhaithe le cumarsáid a choimeád sa siúl</p>	<p>GNÉ: Labhairt <i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:</i></p> <p>1.11 teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol</p> <p>1.12 téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta</p> <p>1.13 focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn</p> <p>1.14 taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge</p> <p>1.15 a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin</p> <p>1.16 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige</p> <p>1.17 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna* ábhartha Gaeilge</p> <p>1.18 tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin</p> <p>GNÉ: Idirghníomhú cainte <i>Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:</i></p> <p>1.19 idirghníomhú le comhscóláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)</p> <p>1.20 freagairt do theachtairachtaí gan choinne le linn comhrá</p> <p>1.21 cumarsáid a choimeád sa siúl agus déileáil le deacrachtaí tuisceana</p> <p>1.22 soiléiriú nó athrú a lorg</p> <p>1.23 eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú</p> <p>1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha</p>

Is léir go bhfuil an dá shonraíocht nua seo ag iarraidh cainteoirí líofa a fhorbairt. I saol idéalach, má oibríonn an dá shonraíocht, beidh a lán cainteoirí líofa ag teacht amach ó scoileanna na tíre. Ach braitheann na cainteoirí líofa ar mhúinteoirí líofa atá an-eolach ar an teanga. In 2005 i *Stáid Reatha na Scoileanna Gaeltachta* (2004) thuiriscigh 19 n-iar-bhunscoil as 26 iar-bhunscoil go raibh deacrachtaí acu teacht ar mhúinteoirí a raibh Gaeilge acu.²⁸ In 2006, scríobh Caoimhe Mairtín seo faoi thuirimí phríomhoidí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus ní dócha go mbeadh níos lú fadhbanna ann in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge:

- 34%** de phríomhoidí a bhraitheann nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge ag roinnt múinteoirí atá ag múineadh sna Gaelscoileanna
- 27%** de phríomhoidí a bhraitheann go bhfuil caighdeán na Gaeilge sa scoil íslithe toisc go bhfuil caighdeán Ghaeilge na múinteoirí íslithe
- 57%** de phríomhoidí buartha faoi chaighdeán scríofa Gaeilge roinnt de na múinteoirí²⁹

I scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, is cuid de chultúr agus de shaol na scoileanna sin í an Ghaeilge agus í á labhairt an chuid is mó den am. Tá líofacht

²² An Ghaeilge sa tSraith Shóisearach ar shuíomh CNCM

²³ <http://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachta%20C3%AD/Preas%20C3%A1itis/Preas%20C3%A1itis-2007/PR07-03-11A.html>

²⁴ <http://tuairisc.ie/14269-dalta-a-rinne-bealtriail-an-teastas-shoisearaigh-ata-idir-dha-cheann-na-mea/>

²⁵ Ó alt in *The Irish Times*, 12 Aibreán 2016 a fuarthas an t-eolas seo.

²⁶ <https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-PR-42707214.pdf> lch 19

²⁷ http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Curriculum-and-Syllabus/Junior-Cycle-/Syllabuses-Guidelines/jc_gaeilge_sy.pdf http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Curriculum-and-Syllabus/Junior-Cycle-/Syllabuses-Guidelines/jc_gaeilge_guidelines.pdf

²⁸ lch 85

²⁹ Mairtín, Caoimhe (2006), *Soláthair Múinteoirí do na Bunscoileanna lán-Ghaeilge, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*, lch 22

teanga ag na daltaí sna scoileanna sin, cé go bhfuil ceisteanna ann faoin chineál líofachta atá acu.³⁰ Mar sin de, i gcás múinteoirí áirithe nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu, conas is féidir leo measúnú cruinn a dhéanamh ar chaint pháistí? Ach dá mbeadh béaltriail neamhspleách, chaighdeánach ann, an gcuirfeadh scrúdaitheoirí san áireamh, agus iad ag caint le daltaí, go mb'fhéidir go bhfuil na daltaí lag toisc nach bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge ag na múinteoirí.

Baineann an fhadhb seo le Gaeilge mar ábhar, ach luann Laoise Ní Thuairisg an taobh eile den scéal agus í ag trácht ar mhúinteoirí ar mian leo ábhar eile seachas an Ghaeilge a mhúineadh trí Ghaeilge:

...tá an baol ann i gcás an mhic léinn óig a bhfuil líofacht sa Ghaeilge bainte amach cheana féin aige, go mbeadh sé den tuairim go mb'fhiúntaí dó ábhar eile a roghnú seachas an Ghaeilge, ó tharla go mbeadh ar a chumas teagasc trí Ghaeilge cheana féin de bharr an leibhéal cumais atá bainte amach sa teanga aige. ... Sa chás go dtéann an mac léinn óg sin i mbun teagaisc sa Soláthar Oideachais LánGhaeilge, tá sé ag brath go huile agus go hiomlán ar an leibhéal cumais agus cruinnis a bhain sé amach san iar-bhunscoil, agus gan forbairt déanta ar a chuid scileanna teanga ó shin. Ar ndóigh, bheadh tionchar tromchúiseach aige seo ar an gcaighdeán teagaisc a bheadh ar a chumas a chur i gcrích agus cinnte ar an gcaighdeán Gaeilge a bheadh in úsáid agus an t-ábhar á theagasc.³¹

Ach i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán, ní bhíonn ach tréimhse áirithe i gceist gach lá nuair a bhíonn an Ghaeilge á múineadh agus sa chás sin is beag seans a bhíonn ag gach dalta í a labhairt go rialta má bhíonn seans ar bith acu í a labhairt. Dá bhrí sin, mar gheall ar an easpa cainte thar na blianta sna ranganna sna gnáthscoileanna Béarla (toisc go raibh an bhéaltriail roghnach) tá mórán daoine fásta i bPoblacht na hÉireann nach bhfuil muiníneach go leor le comhrá bunúsach a dhéanamh i nGaeilge. Dá mbeadh béaltriail ann arís agus marcanna mealltacha léi, mar a tharla sular cuireadh deireadh leis an mbéaltriail, dhíreodh sé aird na múinteoirí agus na ndaltaí ar an gcaint.

Tá tionchar an cheardchumainn, ASTI, an ceardchumann is mó sa stát do mhúinteoirí dara leibhéal, ar an scéal seo. Níl an ceardchumann sásta leis an scrúdú toisc nach ndéantar aon mheasúnú seachtrach, neamhspleách ar na torthaí. Thug sé treoir dá bhaill gan measúnú a dhéanamh ar a ndaltaí féin i scrúduithe stáit.³² De réir Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ní hamháin go bhfuil costas ró-ard ar dhóthain múinteoirí a fháil le feidhmiú mar scrúdaitheoirí seachtracha, ach tá sé ró-dheacair teacht ar go leor acu leis an dualgas úd a chomhlíonadh.³³

Idirdhealú an T1 agus an T2 sa tSraith Shóisearach

Tá múinteoirí Gaeltachta agus saineolaithe eile san earnáil ag éileamh le tamall go ndéanfaí idirdhealú sa churaclam iar-bhunscolaíochta le freastal, ar láimh amháin, ar dhaltaí atá ina gcainteoirí dúchais, ar dhaltaí atá ag foghlaim na teanga i scoileanna lán-Ghaeilge, agus, ar an láimh eile, ar dhaltaí atá ag foghlaim na Gaeilge mar ábhar i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán. Anois tá dhá shonraíocht éagsúla ann, ceann T1 agus ceann T2 sa tsraith shóisearach. Cuireadh na sonraíochtaí nua i bhfeidhm i Meán Fómhair 2017.³⁴ Freastalaíonn an tsonraíocht churaclaim T1 don Ghaeilge mar ábhar ar scoláirí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad agus ar dhaltaí eile atá ag fáil oideachais trí Ghaeilge.³⁵ Freastalaíonn an tsonraíocht churaclaim T2 don Ghaeilge ar dhaltaí atá á dteagasc trí mheán an Bhéarla.³⁶ Beidh dhá leibhéal measúnaithe i gceist sa scrúdú ceannchúrsa don dá shonrúchán curaclaim sa tsraith shóisearach, mar atá, ardleibhéal agus gnáthleibhéal, ach ní bheidh bonnleibhéal ann níos mó.³⁷

Beidhiachallarnahiar-bhunscoileanna uile atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta de réir na moltaí sa Pholasáí Oideachais don Ghaeltacht "an sonrúchán curaclaim T1 a chur ar fáil dá scoláirí sa tsraith shóisearach agus rannpháirtíocht na scoláirí sa rogha seo a chur chun cinn go gníomhach".³⁸ Chomh maith leis an sonrúchán curaclaim T1 a chur ar fáil, beidh scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge in ann an sonrúchán curaclaim T2 a thairiscint do dhaltaí sa chás inar éifeachtaí sin le freastal ar a riachtanais foghlama.

Idirdhealú an T1 agus an T2 sa tSraith Shinsearach

Sa tsraith shinsearach, tosóidh obair ar shonrúcháin idirdhealaithe T1 agus T2 a fhorbairt don Ghaeilge nuair a bheidh na sonrúcháin idirdhealaithe don Ghaeilge sa tsraith shóisearach forbartha agus ag obair go maith sna scoileanna.³⁹

Ní ann don tsonrúchán sin go fóill, áfach. Má bhíonn líon mór daltaí ag dul don tsonrúchán curaclaim T1 sa tsraith shóisearach, beidh an scoil in ann an sonrúchán curaclaim T1 a sholáthar sa tsraith shinsearach nuair a fhorbrófar é. Tá moladh sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* bearta a chur i bhfeidhm le daltaí a spreagadh leis an sonrúchán curaclaim T1 a dhéanamh.

Sa Pholasáí luaitear sparánachtaí tríú leibhéal agus 10% d'áiteanna ar chúrsaí oiliúint tosaigh múinteoirí a choinneáil do mhic léinn a dhéanann an cúrsa T1 don Ardteistiméireacht.⁴⁰ Cé go bhfuil na háiteanna seo ar fáil cheana féin, is minic nach líontar iad.

An Ardteistiméireacht

De réir na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta:

Tógann Gaeilge na hArdteistiméireachta ar an bhforbairt teanga a tharlaíonn sa tsraith shóisearach. Dirítear na ceithre scil teanga le go n-ullmhófar an foghlaimeoir le páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol dátheangach ina mairimid in Éirinn, agus spreagtar é/i lena t(h)uairimí a fhorbairt agus a roinnt. Ullmhaítear an foghlaimeoir freisin le go mbeidh ar a c(h)umas tabhairt faoin mbreisoideachas sa Ghaeilge, nó trí mheán na Gaeilge.⁴¹

In *Gaeilge: Siollabais Nuashonraithe na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)* le héifeacht ó 2010, tá na cláir faoina mbronntar an Ardteistiméireacht á dtairiscint i dtrí chineál:

- (i) Clár na hArdteistiméireachta
- (ii) Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
- (iii) Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Cuirtear síos ar na cláir éagsúla mar seo:

Clár na hArdteistiméireachta (CA)

Tá sé mar aidhm ag an gclár seo:

- a chur ar chumas scoláirí a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach i dtaca lena bhforás pearsanta, sóisialta, intleachtúil agus gairmiúil
- scoláirí a ullmhú don ról a bheidh acu mar shaoránaigh atá gníomhach agus rannpháirteach
- scoláirí a ullmhú chun dul ar aghaidh chuig breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht

Cuireann sé oideachas leathan, cothrom ar fáil do scoláirí cé go gceadaítear roinnt speisialtóireachta. Déantar siollabais a sholáthar i raon leathan ábhar. Déantar ábhair uile na hArdteistiméireachta a thairiscint ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Ina theannta sin, déantar Matamaitic agus Gaeilge a thairiscint freisin ag Bonnleibhéal.

Is féidir feidhm a bhaint as gnóthachtáil scoláirí i gClár na hArdteistiméireachta chun críche roghnúcháin i gcás breisoideachais, fostaíochta, oiliúna agus ardoideachais.

Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (CAF)

Is clár ar leith é a leanann ar feadh dhá bhliain agus atá ceaptha do na scoláirí úd nach mian leo dul ar aghaidh díreach chuig oideachas tríú leibhéal nó dóibh siúd nach bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar a gcuid riachtanas, barmhianta agus inniúlachtaí i gcláir eile na hArdteistiméireachta.

Tá trí phríomhghné i struchtúr Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí – gnéithe atá comhghaolmhar agus ag brath ar a chéile:–

- Gairmullmhúchán
- Gairmoideachas
- Oideachas Ginearálta

Tá taithí oideachasúil de chineál gníomhach, praiticiúil agus scoláire-lárnach ag baint leis.

Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCA)

Tá sé mar aidhm ag an gclár, go háirithe:

- meon fiontraíochta agus tionscnaimh a chothú sna scoláirí
- forbairt a dhéanamh ar scileanna idirphearsanra, gairmiúla agus teicneolaíochta

Déanann scoláirí GCA staidéar ar íosmhéid de chúig ábhar Ardteistiméireachta (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), Gaeilge agus dhá ábhar ó ghrúpaí ábhar gairmiúla atá sonraithe san áireamh. Tá orthu freisin cúrsa aitheanta i Nuatheanga Eorpach a ghlacadh, seachas Gaeilge nó Béarla. Ina theannta sin glacann scoláirí trí Nascmhodúl a sholáthraíonn comhleanúnachas curaclaim don GCA.⁴²

Tá an cúrsa Gaeilge céanna in úsáid i ngach ceann de na cláir thuas. Déanann formhór na ndaltaí scoile an Ardteistiméireacht Bhunaithe, agus tá an Ghaeilge mar chroí-ábhar sa chlár úd.

Déantar staidéar ar an Ghaeilge i nGairmchlár na hArdteistiméireachta agus san Ardteistiméireacht Fheidhm-

³⁰ Nic Pháidín, Caoilfhionn (2003), 'Cén Fáth Nach?' – Ó Chanúint Go Criól (in *Idir Lúibíní*, eag Róisín Ní Mhianáin), Cois Life, lch 113 - 130

³¹ <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/laoise-ni-thuairisg-trachtas-phd.pdf> Ní Thuairisg, Aoife (2014) *Léargas ar thaithe mhúinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshlán ghairmiúla agus riachtanais oiliúna*, Tráchtas do chéim PhD san Oideachas Coláiste Phádraig, Droim Conrach Scoil an Oideachais

³² http://www.asti.ie/fileadmin/user_upload/ASTI_Junior_Certificate_Orals_directive_Aug_2016.pdf

³³ Ó Murchú, Helen (2014) *More facts about Irish 2*, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge (lch 329)

³⁴ <http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Gaeilge>

³⁵ http://www.curriculumonline.ie/getmedia/394a74f1-ba27-4572-9f1b-93696859fc03/JC-GAE-T1_sonraiocht-deiridh.pdf

³⁶ http://www.curriculumonline.ie/getmedia/ac4ea67a-3318-4900-a156-9e8cb9cfaaac/JC-GAE-T2_sonraiocht-deiridh.pdf

³⁷ http://www.curriculumonline.ie/getmedia/ac4ea67a-3318-4900-a156-9e8cb9cfaaac/JC-GAE-T2_sonraiocht-deiridh.pdf lch 29

³⁸ Polasaí don Oideachas Gaeltachta, lch 3339 lch 33

³⁹ lch 33

⁴⁰ lch 24

⁴¹ An Ghaeilge sa tSraith Shinsearach ar shuíomh CNCM

⁴² http://curriculumonline.ie/getmedia/e6cc5fab-653e-4c0d-b491-f1c512886c96/lc_irish_syllabus.pdf

each chomh maith. Níl cúrsa Gaeilge faoi leith ann do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Féachann an Gairmchlár le meon na fontraíochta a fhorbairt sna daltaí agus a gcuid scileanna idirphearsanta, gairme agus teicneolaíochta a fheabhsú. Caithfidh na hiarrthóirí scrúdú a dhéanamh ar chúig ábhar ar a laghad ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal, agus ní mór gur ceann de na hábhair í sin an Ghaeilge.

ClársainiúilannféiníanArdteistiméireachtFheidhmeach atá ceaptha dóibh siúd nach bhfreastalaíonn an dá chlár Ardteistiméireachta eile ar a riachtanais, a n-uailmhianta ná a gcumais. Tá gné na praiticiúlachta níos treise sa chlár seo. Déanann na daltaí staidéar ar 44 modúl in ábhair éagsúla in imeacht dhá bhliain, 2 mhodúl Gaeilge san áireamh.

Siollabas Nua 2010

Tugadh siollabas nua Gaeilge don Ardteistiméireacht isteach in 2010 agus chuaigh daltaí faoi scrúdú dá réir den chéad uair in 2012.⁴³ An t-athrú is suntasaí sa siollabas úr ná méadú ar an sciar den mharc foriomlán atá ar fáil don bhéaltriall: 25% a bhíodh ann agus

40% atá anois ann.⁴⁴ Mar thoradh ar an athrú seo ar dháileadh na marcanna, laghdaíodh an cúrsa litríochta go substaintiúil agus baineadh stair na litríochta agus na teanga den tsiollabas.⁴⁵

Tá feabhas tagtha ar ghráid Ardteiste na n-iarrthóirí ó tugadh an siollabas nua isteach, ach, mar a mhínítear thíos (in 'Cúiseanna Imní') ní hionann marcanna níos fearr a bheith ag iarrthóirí agus caighdeán na Gaeilge a bheith feabhsaithe. Tá méadú ag teacht ar líon na n-iarrthóirí atá ag dul don pháipéar ardleibhéil le tamall de bhlianta anuas. Rinne 16,665 níos mó daltaí an scrúdú ardleibhéil ná mar a rinne trí bliana roimhe sin é (ardú 20%), agus bhí ardú 3% ann idir 2015 agus 2016, cé nach raibh ach ardú 0.9% ann ar líon na n-iarrthóirí a chuaigh don Ardteistiméireacht trí chéile.⁴⁶

In 2017, d'éirigh le 26.5% de dhaltaí Ardteistiméireachta H4 (C1 agus C2) a bhaint amach ag an ngnáthleibhéal, i gcomórtas le 29.2% in 2016.

Tháinig méadú 10.1% ar líon na ndaltaí a rinne an scrúdú Gaeilge ag an ardleibhéal in 2017: 22,122 i gcomórtas le 20,097 dalta in 2016.⁴⁷

Díolúine ón Ghaeilge

Ciallaíonn díolúine ón Ghaeilge nach gá do dhaltaí atá ag freastal ar bhunscoil nó ar iar-bhunscoil staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge, cé gur ábhar éigeantach í i scoileanna atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ní bhíonn ar dhaltaí a fhaigheann díolúine ón Ghaeilge freastal ar ranganna Gaeilge ná scrúduithe stáit a dhéanamh san ábhar.⁴⁸

Tá cúinsí éagsúla ann ina ndeonaítear díolúine:

- bunoidéachas suas go 11 bhliain d'aois a bheith faighte ag an dalta taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann
- an dalta a bheith cláraithe cheana féin mar dhaltaitheanta i mbunscoil nó in iar-bhunscoil agus athchlárú a bheith á dhéanamh aige nó aici i ndiaidh dó nó di tréimhse a chaitheamh taobh amuigh den stát agus trí bliana a bheith caite ó cláraíodh an dalta sa stát cheana agus 11 bhliain d'aois a bheith slánaithe aige nó aici
- míchumas foghlama a bheith ar an dalta a fhágann nach n-éiríonn leis nó léi na leibhéil a mbeadh súil leo a bhaint amach sna bunscoileanna teanga sa mháthairtheanga.

D'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (mar a bhí in 1995) treoirínte i gclóclán do shíceolaithe ar conas measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhaltaí maidir leis an díolúine. Tá a lán tástálacha san áireamh san mheasúnú seo.⁴⁹ Tháinig an Dr. Ó Laoire ar fhianaise go bhfuil díolúine deonaithe do dhaltaí áirithe nach mbaineann ceann ar bith de na cúinsí sin thuas leo.⁵⁰

Tháinig méadú 5% ar líon na ndaltaí a fuair díolúine ón Ghaeilge don Ardteistiméireacht idir 2011 agus 2014 (Tábla 1 thíos) agus mhéadaigh ar an líon scoláirí a fuair díolúine agus a rinne staidéar ar theanga eile (Tábla 2).

Tábla 1

Scoilbhliain	Líon daltaí a fuair díolúine ón Ghaeilge san Ardteistiméireacht
2011/12	1997
2013/14	2088

Tábla 2

Scoilbhliain	Líon daltaí a fuair díolúine ón Ghaeilge agus a rinne staidéar ar theanga eile
2011/12	1237
2013/14	1272
2016/17	2408

Sa tréimhse deich mbliana suas go 2014, tháinig méadú mór ar líon na ndaltaí meánscoile a fuair díolúine ón Ghaeilge, ó 20,000 go 32,000. Bhí díolúine ag 7,000 scoláire meánscoile in 2004 mar gheall ar mhíchumas foghlama; 19,000 líon na ndaltaí a raibh díolúine acu in 2014.⁵¹

De réir taighde a d'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta in 2015, deir daltaí meánscoile sa séú bliain nach raibh an Ghaeilge chomh húsáideach ná chomh suimiúil leis an Bhéarla, an Mhata ná an Fhraincis. Agus deir siad céanna go bhfuil an Fhraincis agus an Ghearmáinis níos deacra ná an Ghaeilge.⁵²

Bhí scéal ar Tuairisc.ie ar an 25 Aibreán 2016 inar tugadh le fios go ndearna 62% de na daltaí Ardteistiméireachta a fuair díolúine ón Ghaeilge sa tréimhse trí bliana go dtí sin staidéar ar theanga eile seachas an Béarla. Fuair 6,111 dalta Ardteistiméireachta díolúine ón Ghaeilge, agus rinne 3,791 duine acu siúd staidéar ar theanga nó ar theangacha eile seachas an Béarla: bhí an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Spáinnis ina measc. Is lón spéise na figiúirí seo i bhfianaise torthaí ESRI go bhfuil an Fhraincis agus an Ghearmáinis "níos deacra" ná an Ghaeilge de réir na ndaltaí féin. Ní léir cén fáth go díreach a bhfuair na daltaí seo díolúine ón Ghaeilge.

Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil aon phlé ceart déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar cheist na díolúine le blianta fada anuas. Tosaíodh ag caint ar athbhreithniú ar dhíolúine na Gaeilge sa Roinn Oideachais ag deireadh na nóchaidí, breis agus cúig bliana déag ó shin. Is tearc an t-eolas atá ar fáil ina leith. Nuair a lorg Tuairisc.ie eolas ar an an Roinn Oideachais, cuireadh in iúl nárbh ann d'aon chomhfhreagras, plépháipéir, meamraim, miontuairiscí ná cáipéisíocht eile faoi cheist díolúine na Gaeilge.

Rinne an Dr Muiris Ó Laoire tuarascáil théagartha ar son Chomhar na Múinteoirí Gaeilge a foilsíodh i mí na Samhna 2013: *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar Ábhar Iar-bhunscoile*. Dúradh san intreoir gur "fada múinteoirí Gaeilge agus oideachasóirí eile i gcoitinne ag clamhsán go bhfuil daoine áirithe ag baint mí-úsáide as an díolúine le droim láimhe a thabhairt d'fhoghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais."

Léiríonn na staitisticí seo thuas go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na ndaltaí iar-bhunscoile a bhfuil díolúine ón Ghaeilge faighte acu le deich mbliana anuas. De réir Uí Laoire, tá "socruithe ad hoc" ann maidir le hiarratas a dhéanamh ar dhíolúine, mar aon le "easpa polasaithe, éiginnteacht agus easpa trédhearcahta".⁵³

⁴³ https://www.examinations.ie/schools/S_90_10_An_Scrudu_Gaeilge_san_Ardteistimeireach_o_2012_aghaidh.pdf

⁴⁴ <http://www.education.ie/ga/Preas-agus-lmeachta%3AD/Preasr%3%A1itis/Preasr%3%A1itis-2007/PR07-03-11A.html>

⁴⁵ http://www.education.ie/ga/Ciorcl%3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%3%A1in-Cartlainne/cl0020_2010_ir.pdf

⁴⁶ An t-eolas seo le fáil in alt ar *Tuairisc.ie*, 18 Lúnasa 2016 agus i gcuid na Staitisticí ar shuíomh Choimisiún na Scrúduithe Stáit

⁴⁷ <http://tuairisc.ie/torthai-gaeilge-na-hardteiste-24-a-fuair-na-gradanna-is-airde-agus-nior-theip-ach-ar-66-duine/>

⁴⁸ http://www.education.ie/ga/Ciorcl%3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%3%A1in-Gn%3ADomhacha/pc12_96_ir.pdf

⁴⁹ http://www.education.ie/ga/Ciorcl%3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%3%A1in-Gn%3ADomhacha/cl_m10_94.pdf

⁵⁰ Ó Laoire, M. (2013) *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar Ábhar Iar-bhunscoile*, Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Ich 5

⁵¹ In alt ar *Tuairisc.ie*, 25 Aibreán 2016

⁵² *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, ERSI, Lúnasa 2015, Ich 59

⁵³ Ó Laoire, M. (2013) *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar Ábhar Iar-bhunscoile*, Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Samhain, Ich 5

3. Cáilíochtaí Múinteoireachta

Sa chaibidil seo, déanfar cur síos ar na cáilíochtaí ba chóir do mhúinteoirí a bheith acu i mbun-scoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus iad ag múineadh Gaeilge nó ag múineadh ábhar trí Ghaeilge. Féachfar freisin ar mhúinteoirí a cháiligh taobh amuigh den Phoblacht agus ar cad is gá dóibh a dhéanamh chun cáilíocht Ghaeilge a fháil. Sa deireadh, pléifear fadhbanna earcaíochta, grádanna, agus iontráil ollscoile.

I scoileanna atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, caithfidh múinteoirí bheith cláraithe leis an Chomhairle Mhúinteoireachta. Le bheith cláraithe mar mhúinteoir bunscoile, ní mór ceann de na cáilíochtaí seo a leanas (nó a gcomhionann ó dhlínsí eile) a bheith ag múinteoirí: céim Bhaitsiléara san Oideachas (B.Oid) nó Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas – Múinteoireacht Bhunscoile (MGO). Tá cúrsaí lánaimseartha B.Oid le fáil i ngach ceann de na ceithre choláiste oideachais státmhaoinithe. Tá cúrsaí MGO dhá bhliain le fáil i ngach coláiste oideachais agus tá cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain MGO ar líne, creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna, le fáil ó Hibernia College, atá faoi úinéireacht phríobháideach.

Ba chóir go mbeadh an cumas i ngach múinteoir bunscoile an Ghaeilge a theagasc. Mar sin féin, sa bhliain 2016, i measc na gcritéar iontrála le háit a fháil ar chúrsa B.Oid (cúrsa oilíúna tosaigh do mhúinteoirí bunscoile), bhí grád C3 (55-59.99%), ar a laghad, riachtanach i nGaeilge Ardleibhéil na hArdteistiméireachta. Ach ó mhí Mheán Fómhair 2017 agus ina dhiaidh sin, mar gheall ar chóras nua grádanna a bhí ag teacht isteach, bhí an t-íosriachtanas sin ísliú go 50% (A/H5 50-60%) do mhic léinn a bheadh ag tosú ar chúrsaí B.Oid i Méan Fómhair 2017. Ní raibh an cinneadh seo ag teacht le moltaí sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*: pléitear an cinneadh thíos in ‘Cúiseanna Imní agus Deacrachtaí Earcaíochta’ agus in ‘Polasaí don Oideachas Gaeltachta’.⁵⁴ Ar an 3 Deireadh Fómhair 2017 afách,

d’fhógair an t-Aire Oideachais Richard Bruton go mbeidh grád H4 nó 60-70 % ar a laghad sa Ghaeilge ardleibhéil ag teastáil le fáil ar chúrsa bunmhúinteoireachta sna coláistí oideachais.

Maidir le múinteoirí iar-bhunscoile, tá an t-eolas seo ar fáil ar an Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh:

De ghnáth, tá iachall ar mhúinteoirí iar-bhunscoile 1 ábhar ar a laghad a mhúineadh a ndearna siad staidéar air go leibhéil na céime. Ní gá do mhúinteoirí iar-bhunscoile cáilíocht a bheith acu sa Ghaeilge mura bhfuil siad fostaithe i scoil Ghaeltachta nó i scoil áit a bhfuil an Ghaeilge ina meán teagaisc.⁵⁵

De ghnáth, baineann múinteoirí bunchéim amach ó institiúid aitheanta tríú leibhéil sa stát agus caithfidh ábhar amháin ar a laghad ón churaclam iar-bhunscoilaíochta faoi choinne Chlár na hArd-teistiméireachta a bheith san áireamh. Ansin, is gá cáilíocht iarchéime san oideachas a bhaint amach: an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas nó B.Oid san iar-bhunscoilaíocht. Cúrsa ceithre bliana is ea an cúrsa B.Oid agus is féidir é a dhéanamh i gColáiste Naomh Aingeal, sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste Phádraig, Dúrlas Éile.

Maidir le múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge, seo an t-eolas atá ag an eagrais Gaeloideachas⁵⁶:

Is gá go mbeadh an An Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile ag múinteoirí atá fostaithe i scoileanna Gaeltachta, múinteoirí atá fostaithe i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar ghnáthmheán teagaisc agus múinteoirí a mhúineann ábhar ar bith (cés móite den Ghaeilge) trí mheán na Gaeilge i scoil ar bith...

Is gá go mbeifeá líofa sa Ghaeilge le múineadh i scoil lán-Ghaeilge agus luíonn sé faoi phátrún agus bainistíocht na scoile le cinntiú go bhfuil Gaeilge

shásúil ag aon iarratasóir ar phost múinteora i scoil lán-Ghaeilge.⁵⁷

Tá an chuma ar an scéal, áfach, nach i gcónaí a chuirtear an riail seo i bhfeidhm. I dtráchtas Aoife Ní Thuairisg pléann sí na deacrachtaí atá ag na scoileanna agus ag na múinteoirí.⁵⁸ Luann sí pointe suimiúil faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*:

Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, cuirtear oiliúint múinteoirí arís chun cinn mar chleachtas a rachadh chun leasa na teanga i gcoitinne. Cuirtear an bhéim den chuid is mó, áfach, ar fhorbairt chumas na múinteoirí sa Ghaeilge agus chuige sin moltar cláir acadúla úra. Ní ann, faraor, do thagairt ar bith d’fhorbairt scileanna mhúinteoirí iar-bhunscoile agus iad ag iarraidh ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge ná do ról na Gaeilge i múineadh na n-ábhar sin.

Is fiú a mheabhú anseo gurbh éigean don Choimisinéir Teanga céimeanna a ghlacadh ar na mallaibh lena chinntiú nach dtiocfadh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna iachall a chur ar scoil Ghaeltachta glacadh le múinteoirí ón phainéal ath-implonaithe nach bhfuil caighdeán Gaeilge ard go leor acu leis an churaclam a mhúineadh.⁵⁹

I Méan Fómhair 2012, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna deireadh le maoiniú a bhíodh ar fáil d’ábhair oidí le cúrsaí Gaeltachta a dhéanamh.⁶⁰ Meastar nach raibh an cinneadh seo ag teacht leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.⁶¹

Ach aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna na fadhbanna éagsúla atá ag scoileanna maidir le hearcaíocht, mar is léir ón óráid seo a thug an Dr Harold Hislop, Príomhchigire:

Éiríonn le scoileanna, uaireanta, múinteoirí cáilithe le caighdeán maith Gaeilge a fháil ach tuigtear go maith dúinn go mbíonn dúshláin agus deacrachtaí leanúnacha ag baint le hearcú múinteoirí go minic san earnáil gaelscolaíochta. Tuigtear dúinn freisin go bhfuil deacrachtaí suntasacha ag baint le múinteoirí a fháil i gcuid de na hábhair thar ábhair eile. Le linn

dúinn cuairteanna a thabhairt ar scoileanna cloisimid na scéalta go léir a bhaineann le

- easpa múinteoirí ag cur isteach ar phostanna,
- ar phríomhoidí agus boird bhainistíochta ag cur fógraí sna nuachtáin faoi dhó agus faoi thrí agus fiú amháin ansin is minic nach mbíonn toradh ar an earcaíocht.

Tuigeann an Roinn freisin na fadhbanna a bhaineann le múineadh na teanga, mar a deir an Dr Harold Hislop san óráid chéanna:

Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh múinteoirí nua, fiú iad siúd a bhfuil Gaeilge mhaith labhartha acu, a tháinig b’fhéidir ón nGaeltacht nó ón earnáil Ghaelscolaíochta, ar an eolas faoi ghramadach na Gaeilge. Seans gurb é an uair dheireannach gur thánadar trasna ar théarmaíocht ar nós an Tuiseal Ginideach, nó an chopail, nuair a bhíodar féin i mbun na Gaeilge don Ardteist. Ní mór, mar sin, tacú leo chun tuiscint a fháil ar an bhfeasacht teanga agus cabhrú leo lena gcuid scileanna féin a fhorbairt chun dul i ngleic le gramadach na Gaeilge sa seomra ranga:

- i gcomhthéacs litearthacht na Gaeilge,
 - i gcomhthéacs soláthar nótaí agus téacsanna eile do scoláirí,
 - i gcomhthéacs cheartú obair bhaile srl.
- Caithear treoir a chur orthu faoi rudaí bunúsacha ar nós:
- conas foclóirí a úsáid,
 - conas brí a bhaint as leabhair ghramadaí,
 - rialacha gramadaí a iniúchadh. Nil sé deacair teacht ar na rialacha cuí má tá fhios agat cén áit le breathnú.
 - Conas áiseanna ar líne a úsáid
 - Cén áit le teacht ar áiseanna breise ⁶²

Múinteoirí a Cháiligh Taobh Amuigh den Stát

Maidir le múinteoirí bunscoile a bhain a gcáilíocht amach taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann, is éigean dóibh riachtanas na Gaeilge a shásamh le bheith iomlán cláraithe leis an Chomhairle Mhúinteoireachta. Tá dhá rogha ann: SCG (an Scrúdú Cáilíochta Gaeilge) nó OCG (Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) a dhéanamh.⁶³

⁵⁷ Tá an t-eolas seo le fáil ar shuíomh gréasáin Gaelscoileanna.

⁵⁸ <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/laoise-ni-thuairisg-trachtas-phd.pdf> Ní Thuairisg, Aoife (2014) *Léargas ar thaithí mhúinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshláin ghairmiúla agus riachtanais oilíúna*, Tráchtas do chéim PhD san Oideachas Coláiste Phádraig, Droim Conrach Scoil an Oideachais, lch 36

⁵⁹ https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/TuarascailTitheanOireachtasAn_RoinnOideachaisagusScileanna2015.pdf

⁶⁰ <http://www.teachingcouncil.ie/ga/Foilseachain/Oideachas-Muinteoiri/Dreacht-Thuarascail-on-nGrupa-Oibre-ar-an-Treimhse-Foghlama-sa-Ghaeltacht-curtha-faoi-bhraid-na-Comhairle-Mhuinteoireachta.pdf> lch 29

⁶¹ <http://www.teachingcouncil.ie/ga/Foilseachain/Oideachas-Muinteoiri/Dreacht-Thuarascail-on-nGrupa-Oibre-ar-an-Treimhse-Foghlama-sa-Ghaeltacht-curtha-faoi-bhraid-na-Comhairle-Mhuinteoireachta.pdf> lch 35

⁶² <http://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachta/C3%AD/%C3%93r/%C3%A1id/%C3%AD/Oraidi-2016/SP-16-09-22.html> Soláthar Múinteoirí don Iarbhunscoilaíocht LánGhaeilge: Ár dTaithí ar na Deiseanna agus Dúshláin atá ann d’Iarbhunscoileanna LánGhaeilge agus Scoileanna Gaeltachta.

⁶³ http://www.citizensinformation.ie/ga/education/primary_and_post_primary_education/teachers_and_schools/teacher_qualifications_at_primary_and_post_primary_level.html agus http://www.ilrweb.ie/InTouch%20Articles/SCG_OCG%202014.pdf

⁵⁴ Lch 34

⁵⁵ http://www.citizensinformation.ie/ga/education/primary_and_post_primary_education/teachers_and_schools/teacher_qualifications_at_primary_and_post_primary_level.html

⁵⁶ Gaelscoileanna Teo an t-ainm a bhíodh ar an eagrais seo.

Tá na codanna seo a leanas sa SCG: dhá pháipéar scríofa (measúnú ar mhúineadh na Gaeilge sa seomra ranga agus togra teanga agus cultúir san áireamh), triail chluastuisceana agus scrúdú béil. Ní mór d'iarthóirí trí seachtaine a chaitheamh ag freastal ar chúrsa aitheanta sa Ghaeltacht.

Tá na codanna seo sa scrúdú OCG: measúnú scríofa, triail chluastuisceana, scrúdú béil agus measúnú ar mhúineadh na Gaeilge sa seomra ranga. Ní mór d'iarthóirí trí seachtaine a chaitheamh ag freastal ar chúrsa aitheanta sa Ghaeltacht fosta.⁶⁴

Tá comhoibriú ar siúl idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Oideachais id Tuaisceart Éireann lena dhéanamh níos fusa ar mhúinteoirí ó thuaidh an cháilíocht chuí a fháil leis an riachtanas Gaeilge a shásamh. Tá plean ann le cúrsa don cháilíocht Ghaeilge a chur ar fáil i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste, cúrsa a bheidh deimhnithe ag an Chomhairle Mhúinteoireachta ó dheas. De réir shuíomh Chumann Múinteoirí Éireann, múinteoirí a d'fhreastail ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire, má rinne siad an chéim ceithre bliana agus Gaeilge Acadúil san áireamh sa chéim sin, tabharfar aitheantas iomlán dóibh sa Deisceart agus ní gá dóibh Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge a dhéanamh.⁶⁵

Cúiseanna Imní agus Deacrachtaí Earcaíochta

Tá sé tugtha le fios ag iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge go háirithe (agus ag bun-scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge) gur deacair dóibh teacht ar mhúinteoirí a bhfuil cumas sách ard acu sa Ghaeilge le bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Le fada an lá, tá príomhoidí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag trácht ar an fhadhb go bhfuil easpa múinteoirí a bhfuil cumas ard go leor acu sa Ghaeilge.^{66 67}

Fadhb eile atá ann, agus atá tugtha faoi deara ag cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán, ná nach ionann inniúlacht an mhúinteora sa Ghaeilge féin agus teagasc agus foghlaim éifeachtach. I dTuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012, léiríodh imní faoi chumas Gaeilge múinteoirí bun-scoile agus iar-bhunscoile:

Díríonn tuairiscí cigireachta aird ar roinnt deacrachtaí ar leith le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i mionlach suntasach iar-bhunscoileanna.... Ar an drochuair, ba léir do chigirí go raibh scileanna teanga na múinteoirí féin easnamhach i líon beag, ach líon suntasach, scoileanna.⁶⁸

Faoi láthair, i gcás mac léinn a bheidh ag teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, is ar bhonn roghnach a chuireann na coláistí oideachais agus ollscoileanna oiliúint ar fáil in oideachas trí mheán na Gaeilge dóibh: tá modúil ar leith ann a bhaineann leis an oideolaíocht agus bíonn socrúcháin ann don taithí múinteoireachta i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge.⁶⁹

Tá an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)⁷⁰ agus na coláistí oideachais buartha faoi inniúlacht múinteoirí sa Ghaeilge fosta. Tá aghaidh tugtha ar an cheist ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*:

Ar dtús, tá sé riachtanach go mbeadh leibhéal arda inniúlachta sa Ghaeilge ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta, go háirithe chun ionchur teanga saibhrithe a sholáthar do na daltaí uile, lena n-áirítear cainteoirí dúchais na Gaeilge, chomh maith leis an gcuraclam a sholáthar go héifeachtach trí Ghaeilge.⁷¹

Tá sé tugtha le fios ag iar-bhunscoileanna go háirithe (agus ag bun-scoileanna) gur deacair dóibh teacht ar mhúinteoirí a bhfuil cumas sách ard acu sa Ghaeilge le bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Tá príomhoidí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag trácht ar an fhadhb seo, easpa múinteoirí a bhfuil cumas ard go leor acu sa Ghaeilge, arís is arís eile le fada an lá. Fadhb eile atá ann, agus atá tugtha faoi deara ag cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna, ná nach ionann inniúlacht an mhúinteora sa Ghaeilge féin agus teagasc agus foghlaim éifeachtach. Faoi láthair, is ar bhonn roghnach a chuireann na coláistí oideachais agus ollscoileanna oiliúint ar fáil in oideachas trí mheán na Gaeilge dá scoláirí: tá modúil ar leith ann a bhaineann leis an oideolaíocht agus bíonn socrúcháin ann i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge.

Tá moltaí eile déanta sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* le dul i ngleic leis na fadhbanna seo, ina measc, agus anois tá tairiscintí á lorg ó intitiúidí tríú leibhéal ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun soláthar a dhéanamh ar chúrsa ceithre bliana Bhaitisiléir san Oideachas trí Ghaeilge a mbeidh cáilíocht mar bhunmhúinteoir mar thoradh air, socrúcháin bliana a chur ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe i scoileanna Gaeltachta agus sainoiliúint do mhúinteoirí mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach.⁷²

Ceist na nGrádanna agus Iontráil Ollscoile

I n-ainneoin an imní a bhí ar COGG, ar na coláistí oideachais agus ar an Roinn Oideachais agus Scileanna féin, bhí sé i gceist an t-íosriachtanas Gaeilge san Ardteistiméireacht (C3 55-59.99%) a íslíú go A/H5 (50-60%) i dtaca le mic léinn a bheadh ag dul do chúrsaí bunmhúinteoireachta sna coláistí oideachais ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh.⁷³ Léirigh COGG agus grúpaí eile an imní a bhí orthu toisc go bhféadfadh daltaí go leor marcanna a fháil sa scrúdú cainte agus sa chluastuisceant chun A/H5 a fháil gan oiread agus focal amháin a scríobh. Scéal dearfach a bhí ann mar sin, nuair a d'fhógair An tAire Oideachais Richard Bruton ar 3 Deireadh Fómhair 2017 go mbeidh grád H4 nó 60-70% sa Ghaeilge ardleibhéal ag teastáil feasta chun áit a fháil sna Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí.

Faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, Alt 47(1), tá cead ag institiúidí éagsúla a gcritéir iontrála féin a shocrú.⁷⁴ In 2012, rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta an moladh go n-ardófaí an t-íosriachtanas sa Ghaeilge go 60%.⁷⁵ I mí Feabhra 2013 choimisiúnaigh an Chomhairle suirbhé ar líne faoin mholadh seo agus faoi mholtaí eile. Ag eascairt as an suirbhé, d'íarr an Chomhairle ar an ESRI taighde a dhéanamh ar a son.⁷⁶

D'fhoilsigh an ESRI tuarascáil *Entry to Programmes of Initial Teacher Education* (Samhain 2016).⁷⁷ D'amharc na húdair ar mholtaí na Comhairle go mbeadh ar mhic léinn B1 a fháil san ardleibhéal san Ardteistiméireacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus A1 a fháil sa ghnáthleibhéal

nó C3 san ardleibhéal i matamaitic na hArdteiste le OTM a dhéanamh. Fuair siad amach nach bhféadfadh ach idir 5% agus 15% de dhaltáí na hArdteistiméireachta na torthaí seo a bhaint amach agus go mbeadh sé níos deacra ag daltaí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste na critéir sin a bhaint amach.⁷⁸ Deir na húdair faoin nasc idir critéir áirithe iontrála agus feidhmíocht múinteoirí le linn agus tar éis cláir oideachas múinteoirí:

International research provides little evidence of a link between specific entry criteria to performance during and/or after initial teacher education programmes. Consequently, it is difficult to argue that more stringent entry criteria are required in Ireland, especially in a context where entrants already have high levels of prior achievement. More stringent entry criteria are also likely to lead to less diversity in the teaching profession. The rationale for changing criteria reflects, in part, concerns about potential skill deficits among newly-qualified teachers as well as inconsistencies and anomalies in the current system. However, further research would be needed to establish the existence, nature and scale of such deficits and whether they are best addressed through changing entry standards and/or through the design and content of initial teacher education programmes.⁷⁹

Rinneadh cinneadh san Earrach 2017 gur leor A5 a fháil (idir 50% agus 59%) agus íslíodh an t-íosriachtanas dóibh siúd a thosaigh ar chúrsa i Meán Fómhair 2017.⁸⁰ D'athraigh an tAire Oideachais agus Scileanna an fhoráil arís ó shin agus ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, grád H4 (60-70 %) a bheidh de dhíth sa Ghaeilge ardleibhéal chun áit a fháil sna coláistí oideachais.

Aithníonn an *Polasáí don Oideachas Gaeltachta* gur chóir machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le tairseach inniúlachta níos dúshlánaí a leagadh síos i dtaca leis na daoine sin a bhfuil sé ar intinn acu teagasc san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht freisin.⁸¹

Ach tar éis 'machnamh a dhéanamh', tá gá le gníomh.

⁶⁴ <http://www.ilrweb.ie/OCG%20DOCS%202017/OCG%20GUIDE%202016-17.pdf>

⁶⁵ http://www.into.ie/NI/INTOStudentCentre/StudentPublications/Guide_to_Working_ROI.pdf

⁶⁶ <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/staid-reatha-scoileanna-gaeltachta-2004-leargas-o-na-priomhoidi-na-muinteoiri-agus-na-tuismitheoiri.pdf>

⁶⁷ <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/caoimhe-mairtin.pdf>

⁶⁸ Is féidir an tuarascáil a léamh anseo.

⁶⁹ *Polasáí don Oideachas Gaeltachta*, lch 25

⁷⁰ http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/an_chomhairle_mhuinteoireachta_5.pdf

⁷¹ *Polasáí don Oideachas Gaeltachta*, lch 23

⁷² <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-2017-2022.pdf> lch 25

⁷³ https://www.mie.ie/en/Study_with_us/Undergraduate_Programmes/Bachelor_in_Education_Primary/_B_Ed_Mature_Entry_Requirements_Gaeilge_17-18.pdf

⁷⁴ "Déanfaidh Seanad Ollscoil na hÉireann na buncheanglais mháithreánacha do na comhollscoileanna a chinneadh ach féadfaidh gach ollscoil ceanglais bhreise a fhorordú i gcoitinne nó maidir le dámha áirithe de chuid na hollscoile." Acht na nOllscoileanna, 1997

⁷⁵ Consultation by the Teaching Council in relation to educational entry requirements, (2012) An Chomhairle Mhúinteoireachta, lch 2

⁷⁶ <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/An-Straiteis-20-Bliain-don-Ghaeilge-2010-2030-Tuarascail-ar-Dhul-Chun-Cinn-2010-go-2015.pdf> lch 6

⁷⁷ <https://www.esri.ie/pubs/BKMNEXT299.pdf>

⁷⁸ <https://www.esri.ie/pubs/BKMNEXT299.pdf>, lch xii

⁷⁹ <https://www.esri.ie/pubs/BKMNEXT299.pdf>, lch xiv

⁸⁰ https://www.mie.ie/en/Study_with_us/Undergraduate_Programmes/Bachelor_in_Education_Primary/_B_Ed_Mature_Entry_Requirements_Gaeilge_17-18.pdf

⁸¹ *Polasáí don Oideachas Gaeltachta*, lch 26

Mar a chonacthas thuas b'fhéidir go bhfuil barraíocht béime ar scileanna labhartha anois. In alt ar *Tuairisc.ie*, dúirt Pádraig Ó Duibhir, nuair ba é Cláraitheoir Choláiste Phádraig é, go bhfuil imní air as siocair go gcuirtear:

... an iomarca béime ar na scileanna labhartha anois agus nach dtuigtear an tábhacht a bhaineann leis an léamh agus an scríobh. Tá na scileanna uilig tábhachtach le bheith i do mhúinteoir bunscoile. Teastaíonn cumas cumarsáide agus muinín. Níl an t-am againn anseo a bheith ag tabhairt mac léinn a bheadh an-lag ó thaobh na Gaeilge de go dtí an leibhéal a theastaíonn leis an teanga a mhúineadh ó na naíonáin bheaga go dtí rang a sé.⁸²

Ach is féidir leis na hollscoileanna dul i bhfeidhm ar an cheist seo freisin, óir faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, Alt 47(1), tá cead ag institiúidí éagsúla a gcrítear iontrála féin a shocrú.⁸³ Dá bhrí sin, d'fhéadfadh institiúidí critéir iontrála a ardú dá mba mhian leo.

Dearcadh léachtóirí na gcoláistí oideachais faoi chaighdeán na mac léinn

Ach fiú má tá grád maith ag mic léinn, bíonn fadhbanna ann fós. I mí Mhárta 2016, bhailigh Gael Linn eolas ó léachtóirí i gcoláistí oideachais. Thug na léachtóirí le fios go bhfuil mic léinn ag teacht isteach sa choláiste le grád maith sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht, A nó B, ach nach ionann é sin agus a rá go bhfuil Gaeilge mhaith acu. Is léir ón phlé a bhí ann go bhfuil buaireamh orthu faoi chaighdeán Gaeilge na mac léinn ar thosú ar an chúrsa oiliúna dóibh agus ar a chríochnú dóibh fosta. Ní bhíonn go leor am teagmhála acu leis na léachtóirí Gaeilge agus tá laghdú ar an mhéid ama.

Tagann taithí na léachtóirí i dtaca le caighdeán Gaeilge na mac léinn leis an mhéid adúirt Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach COGG, nach ionann "líon ard grádanna maithe agus cumas sa Ghaeilge a bheith ag daltaí".⁸⁴

Faigheann líon ard daltaí grád A, B nó C sa scrúdú Gaeilge ardleibhéil. In 2016, bhain 85.3% den 20,098 iarrthóir ardleibhéil na grádanna sin amach agus fuair 17% acu sin grád A. Ní raibh ach trí ábhar eile ann ina raibh céatadán níos airde i gceist: an Laidin, an Rúisis agus an Ceol. Níor theip ach ar chéatadán thar a bheith beag de na daltaí a rinne an scrúdú Gaeilge Ardteistiméireachta: 0.6%.⁸⁵ Agus de réir *Tuairisc.ie* in 2017:

Fuair 23.6% de na daltaí a thug faoin nGaeilge ag an ardleibhéil in Ardteist 2017 an dá ghrád is airde faoin gcóras nua marcála, H1 agus H2 (A1, A2, agus B1 faoin seanchóras).

58,543 a rinne Ardteist na bliana seo agus 47,833 a rinne scrúdú Gaeilge, rud a fhágann nach ndearna 18.7%, nó 11,010 duine, aon scrúdú Gaeilge i mbliana.

Níor theip ach ar 66 den 22,122 dalta, 0.3%, a rinne an scrúdú Gaeilge ardleibhéil, an ráta teipe is ísle ar fad i measc mhórábhair na hArdteiste agus laghdú 50% ar ráta teipe na bliana seo caite.⁸⁶

Ach ar an ghnáthleibhéal, tá scéal eile ann:

A mhalairt ar fad de scéal a bhí ann ag an ngnáthleibhéal. Níor éirigh ach le 67 duine, 0.3%, ag an leibhéal sin grád H1 a bhaint amach, agus theip ar 473 duine sa scrúdú, nó 2.1%.

Ach i gcás an ardleibhéil, míniú amháin atá ar fheabhsú na ngrádanna Gaeilge le tamall de bhlianta anuas ná sciar níos airde den mharc fhoriomlán (40%) a bheith ag dul don scrúdú cainte le hais blianta eile (25%). Dúirt Príomhfheidhmeannach COGG gurb é an "40% is fusa a fháil san Ardteist ar fad [é]" agus cé go bhfuil "na marcanna ag ardú, tá an caighdeán ag ísliú".

"Is iad na múinteoirí nua-cháilithe i mbliana (2016) an chéad chohórt a rinne an siollabas nua don Ghaeilge san Ardteist," arsa Ní Mhóráin, "agus táthar ag tuairisciú, go neamhoifigiúil, go bhfuil titim thubaisteach ar chaighdeán na Gaeilge sna coláistí oideachais." Tá scrúdú déanta de réir an tsiollabais nua ag cúig bhlianghrúpa agus cé gur gealladh go ndéanfaí taighde in 2013 ar a éifeacht, níl sé curtha i gcrích go fóill.

Thug Príomhfheidhmeannach COGG le fios anagallamh chéanna nach bhfuil "teacht ag na hiar-bhunscoileanna ar mhúinteoirí a bhfuil dóthain cumais acu sa teanga". Beidh iarmhairtí suntasacha tromchúiseacha ann don earnáil Ghaelscolaíochta agus Ghaeltachta mura bhfuil múinteoirí ar fáil le réimse iomlán na n-ábhar iar-bhunscolaíochta a mhúineadh trí Ghaeilge. Beidh bearta de dhíth leis an scéal a réiteach, lena n-áirítear feabhas ar oiliúint tosaigh do mhúinteoirí agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí cáilithe.

Dúirt léachtóirí na gcoláistí oideachais ar labhair Gael Linn leo go bhfuil an iomarca múinteoirí ann, idir mhúinteoirí nuacháilithe agus mhúinteoirí fadcháilithe, nach bhfuil cumasach ná muiníneach go leor i dtaca le múineadh na Gaeilge. Níl go leor oiliúna, ná oiliúint atá sainiúil go leor, á cur ar fáil dóibh agus bíonn cuid mhór acu ag brath ar théacsleabhair seachas ar labhairt agus cumarsáid. Dúirt na léachtóirí gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ceangailte le spraoi agus le gníomhaíochtaí sultmhara, spórt, ealaín, agus ceol, mar shampla. Mhol siad Urdd Gobaith Cymru (Conradh Breatnaise na nÓg) mar shamhail eiseamlárach don aos óg: eagraítear comórtais spóirt agus ealaíon do dhaltaí scoile go

réigiúnach agus go náisiúnta sa Bhreatain Bheag, agus tá ionaid chónaithe ag an eagrais chomh maith.

Is léir go bhfuil fadhbanna ann ag na leibhéil éagsúla i múineadh na Gaeilge; ó na scoláirí atá ag dul isteach sna coláistí oideachais agus sna hollscoileanna le dul leis an mhúinteoireacht bhunscoile agus iar-bhunscoile, go dtí na múinteoirí atá ag teacht amach ó na hinstiúidí sin le dul isteach sna scoileanna Gaeltachta, Lán-Ghaeilge, agus sna scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán. Is fáinne fí iad na fadhbanna seo. Ón taighde uile agus ó na polasaithe a shíolraigh ón taighde, is léir go bhfuil an t-eolas ann faoin bhealach chun an fáinne a bhriseadh.

⁸² In alt ar *Tuairisc.ie*, 24 Lúnasa 2016

⁸³ "Déanfaidh Seanad Ollscoil na hÉireann na buncheanglais mháithreánacha do na comhollscoileanna a chinneadh ach féadfaidh gach ollscoil ceanglais bhreise a fhorordú i gcoitinne nó maidir le dámha áirithe de chuid na hollscoile." Acht na nOllscoileanna, 1997

⁸⁴ In alt ar *Tuairisc.ie*, 18 Lúnasa 2016

⁸⁵ Torthaí Ardteistiméireachta 2016, Coimisiún na Scrúduithe Stáit

⁸⁶ <http://tuairisc.ie/torthai-gaeilge-na-hardteiste-24-a-fuair-na-gradanna-is-airde-agus-nior-theip-ach-ar-66-duine/>

4. Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

Tá 124 scoil Ghaeltachta agus 144 scoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Léiríonn an tábla seo thíos figiúirí don bhliain acadúil 2015/16 (tráth a raibh 107 scoil Ghaeltachta agus 142 scoil lán-Ghaeilge ann) maidir le teanga na múinteoireachta sna

scoileanna de réir líon na scoileanna, líon na ranganna agus líon na ndaltaí.⁸⁷ Níl ranganna speisialta san áireamh. Amharcfar sa chaibidil seo ar na dúshláin ata roimh na scoileanna sin agus ar phátrúnacht na scoileanna sin.

Meán Múinteoireachta	Scoileanna	Ranganna	Daltaí
<i>Scoileanna ina múintear na ranganna uilig trí Ghaeilge ar fad:</i>			
Sa Ghaeltacht*	107	359	7517
Lasmuigh den Ghaeltacht	142	1343	35613
<i>Scoileanna ina múintear roinnt de na ranganna trí Ghaeilge ar fad:</i>			
Iomlán na ranganna sna scoileanna sin	0		
Na ranganna trí Ghaeilge ar fad amháin			
<i>Scoileanna ina bhfuil rang-grúpa amháin nó níos mó ina múintear cuid de na hábhair (gníomhaíochtaí) trí Ghaeilge:</i>			
Iomlán na rang-ghrúpaí sna scoileanna sin (ábhar amháin ar a laghad lasmuigh den Ghaeilge)	823	5734	143634
Scoileanna eile	2052	14288	354191
IOMLÁN	3124	21724	540955

Nóta: Aicmítear scoileanna de réir meáin mhúinteoireachta atá bunaithe ar shonraí a sholáthraíonn na scoileanna.

* Sa tábla seo, aithnítear mar scoileanna Gaeltachta na scoileanna sin atá suite laistigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta (Acht na Gaeltachta 1956).

Roimh plé a thosú ar na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna, b'fhéidir gurbh fhiú tagairt thapa a dhéanamh do na naíonraí. Deir Ó Murchú faoi shuirbhé ar na naíonraí sa Ghaeltacht in 2007-8 gur thaispeáin sé:

In the estimation of Stiúrthóirí (naíonra leaders), 18% of entering children were native speakers and 7% were good speakers, leaving 75% in the beginner learner category. Of the 74 naíonraí then operating, 39 (or 53% of the total) contained at least one native speaker; 51 (69% of the total) contained native and/or good speakers; and it would appear that 23 (or 31%) contained only beginner learners.⁸⁸

In 2011, bhí níos mó ná 1,000 páiste ag freastal ar na naíonraí seo. Taobh amuigh den Ghaeltacht, bhí níos mó ná 200 naíonra agus bhí thart ar 4,339 páiste ag freastal ar na naíonraí sin.⁸⁹

Beagnach 20 bliain ó shin rinne an Dr Tina Hickey taighde ar na naíonraí in *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht* agus rinne sí moltaí atá chomh bailí anois agus a bhí siad ansin. Is fiú féachaint orthu.⁹⁰

Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna i bPoblacht na hÉireann

In 2016, bunaíodh bunscoil nua lán-Ghaeilge amháin agus iar-bhunscoil nua lán-Ghaeilge amháin. Bunaíodh ceithre bhunscoil nua lán-Ghaeilge in 2015 agus bunaíodh trí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge in 2014.

De réir na Roinne Oideachais agus Scileanna, chun iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a bhunú, tá tairseach 400 dalta ann; tá tairseach 800-1000 dalta ann i gcás iar-bhunscoileanna Béarla.^{91 92}

Tá Gaeloideachas ag cur treoirlínte le chéile do scoileanna ar mian leo a n-éiteas teanga a athrú ionas go n-aithneofar mar scoileanna lán-Ghaeilge iad feasta. Tá sruthanna Gaeilge nó aonaid Ghaeilge bunaithe ag roinnt scoileanna Béarla as siocair nach bhfuil an líon

cuí daltaí ag éileamh scolaíochta trí mheán na Gaeilge. B'fhéarr le Gaeloideachas, áfach, scoileanna lán-Ghaeilge astu féin seachas aonaid Ghaeilge.

Maidir le ró-éileamh ar áiteanna, tá difear le mothú go soiléir idir na hearnálacha éagsúla, rud a léiríodh sa taighde a d'fhoilsigh ESRI in 2015. Ba dhóichí i bhfad go raibh líon na n-iarrthóirí a chuir isteach ar scoileanna lán-Ghaeilge níos airde ná líon na n-áiteanna a bhí ar fáil dóibh. D'fhreagair 66% de scoileanna lán-Ghaeilge, 38% de scoileanna Béarla, agus 23% de scoileanna Gaeltachta go raibh ró-éileamh ar áiteanna.⁹³

Dúshláin

Léireofar thíos; suim daoine in oideachas lán-Ghaeilge; easpa scoileanna le freastal ar an éileamh; imní tusmitheoirí faoi úsáid Gaeilge agus Béarla. Feicfead an bealach ar féidir na pointí éagsúla seo a phlé chun suim a fhorbairt agus chun imní a laghdú.

I suirbhé a rinne Millward Brown ar son Chonradh na Gaeilge⁹⁴ cé gur fhreagair 72% de na daoine a bhí páirteach gur chóir oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo é, is cosúil nach bhfuil tuiscint chruinn ag cuid mhaith den phobal ar na buntáistí a bhaineann páistí as oideachas a fháil i scoil lán-Ghaeilge. Tá feachtas ar bun ag Conradh na Gaeilge i gcomhar le Gaeloideachas leis an scéal a chur ina cheart,⁹⁵ agus bíonn An Foras Pátrúnachta ag scaipeadh eolais ar an ábhar céanna i measc tusmitheoirí i gceantair ina mbíonn scoileanna nua le bunú.⁹⁶

Léiríonn torthaí shuirbhé Millward Brown agus staidéar ESRI go bhfuil dea-thoil ann go forleathan i measc an phobail i leith na Gaeilge. Cuireadh ceist ar dhaoine cé chomh láidir is a d'aontaigh siad leis an ráiteas, 'Ba chóir go mbeadh an ceart ag gach páiste oideachas a bheith acu trí Ghaeilge, más é sin an rogha atá acu.' Dúirt 72% gur aontaigh siad (39% go láidir agus 33% go pointe).⁹⁷ Ach tá dúshláin go fóill le sárú i dtaca le ganntanas

⁸⁸ [http://www.gaelpport.com/uploads/documents/More%20Facts%20About%20Irish%20\(2014\)%20-%20Helen%20C3%93%20Murch%20C3%93%20BA.pdf](http://www.gaelpport.com/uploads/documents/More%20Facts%20About%20Irish%20(2014)%20-%20Helen%20C3%93%20Murch%20C3%93%20BA.pdf) lch 365

⁸⁹ [http://www.gaelpport.com/uploads/documents/More%20Facts%20About%20Irish%20\(2014\)%20-%20Helen%20C3%93%20Murch%20C3%93%20BA.pdf](http://www.gaelpport.com/uploads/documents/More%20Facts%20About%20Irish%20(2014)%20-%20Helen%20C3%93%20Murch%20C3%93%20BA.pdf) lch 367

⁹⁰ <http://irserver.ucd.ie/bitstream/handle/10197/3827/Hickey%201999%20Luathoideachas%20tr%20C3%AD%20Ghaeilge%20sa%20Ghaeltacht.pdf?sequence=3>

⁹¹ <https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachtaí/Preasráitis/Preasráitis-2012/PR2012-11-23A.html>

⁹² <https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%20C3%A1ist%20C3%AD/Eolas/Scoil-Nua-a-Bhun%20C3%93%20BA/Scoileanna-Nua-Iarbhunoideachas/2017-2018/Socruithe-Maidir-Le-Patrunacht-I-Dtaca-Le-Bunu-Iar-Bhunscoileanna-Nua-Ata-Le-Hoscailt-I-Mi-Mhean-Fomhair-2017-agus-2018.pdf>, lch 1

⁹³ *Attitudes Towards the Irish Language on the Island of Ireland*, ESRI, Foras na Gaeilge, Lúnasa 2015, lch 55.

⁹⁴ Taighde a choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge http://www.peig.ie/images/Taighde/28DF2015_SCEAL.pdf

⁹⁵ <http://www.gaelscoileanna.ie/news/miotas-a-bhaineann-leis-an-ngaoidoideachas-a-fhiosru-ag-conradh-na-gaeilge-agus-colum-o-broin/>

⁹⁶ <http://www.foras.ie/scoileanna/new-schools/>

⁹⁷ http://www.peig.ie/images/Taighde/28DF2015_SCEAL.pdf

scoileanna lán-Ghaeilge. Ní scoileanna lán-Ghaeilge iad ach 8% de na scoileanna sa stát. Níl go leor scoileanna ann le freastal ar an éileamh, agus baineann cuid de na daoine míthuiscint as an scéal, mar atá mínithe ag Clare Spáinneach, Oifigeach Sinsearach Polasaí agus Forbartha in Gaeloideachas:

Is é an bharna seo idir soláthar agus éileamh a chruthaíonn go leor de na míthuiscintí maidir leis an gcóras Gaelscolaíochta toisc go gcuireann sé an chuma ar an scéal nach bhfuil na scoileanna ar fáil nó in oiriúint do chách, nuair is a mhalairt ar fad atá fíor – fáiltítear roimh pháistí ó gach cúlra teanga, creidimh, cultúir, agus eacnamaíochta sna scoileanna lán-Ghaeilge, agus tá pobail na scoileanna lán-Ghaeilge ag leathnú de réir mar a leathnaíonn an soláthar.⁹⁸

Ábhar imní eile a bhíonn ag tuismitheoirí ná nach mbeidh siad in ann cuidiú lena bpáistí a gcuid obair bhaile a dhéanamh as siocair nach bhfuil Gaeilge líofa acu féin. Bíonn cuidiú le fáil ag tuismitheoirí ó eagrais amhail Gaeloideachas, COGG agus Conradh na Gaeilge, Irish for Parents/Gaeilge do Thuismitheoirí, mar shampla.⁹⁹

Bíonn tuismitheoirí áirithe buartha go mbeidh caighdeán Béarla na bpáistí níos ísle má théann siad ar scoil lán-Ghaeilge, ach léirigh an taighde a rinne an Foras Taighe ar Oideachas in 2011 go bhfuil daltaí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge ag gnóthachtáil ag leibhéal i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta i léitheoireacht an Bhéarla agus go bhfuil siad níos fearr ná an meán sa mhata chomh maith.¹⁰⁰

Aithnítear go forleathan – i dtíortha mar Cheanada¹⁰¹, an Nua-Shéalainn¹⁰² agus an Fhionlainn¹⁰³ – na buntáistí acadúla a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an chóras tumoideachais. Tugann suíomh an Fhorais Phátrúnachta póintí a léiríonn buntáistí an dátheangachais.¹⁰⁴

I gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, freastalaíonn scoileanna lán-Ghaeilge orthu, díreach mar a dhéantar i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán. D'eagraigh Gaeloideachas lá ar an 8 Márta 2017 ar riachtanais speisialta oideachais agus tháinig saineolaithe le chéile chun na ceisteanna a phlé agus a shoiléiriú. Tá torthaí an phlé sin le feiceáil ar shuíomh Gaeloideachas.¹⁰⁵ Agus ar shuíomh an Fhorais Phátrúnachta, tá leathanach aige a dhíríonn ar cheist riachtanais speisialta oideachais.¹⁰⁶

Pátrúnacht ar Scoileanna lán-Ghaeilge

Tá comhlacht pátrúnachta ar gach scoil. Is aonán é a bhfuil údarás ag an leibhéal is sinsearaí aige chomh fada agus a bhaineann sé le riar na scoile. Tá 13 chomhlacht pátrúnachta i bPoblacht na hÉireann, ina measc, an Eaglais Chaitliceach, Educate Together, agus An Foras Pátrúnachta.¹⁰⁷ Tá 90% de na bunscoileanna sa stát faoi phátrúnacht na heaglaise Caitlicí.¹⁰⁸ As an 144 bunscoil lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, tá 70 acu faoi An Foras Pátrúnachta, eagrais a dhíríonn ar an ghaelscolaíocht: is bunscoileanna iad 64¹⁰⁹ dá mbaill agus is iar-bhunscoileanna iad sé cinn acu.¹¹⁰

Tá a mheon sainiúil féin i dtaca leis an oideachas agus leis an tsaol go ginearálta ag gach scoil agus ag gach ceann de na 13 chomhlacht pátrúnachta. Is ceann de na saintréithe is mó é an t-éiteas spioradálta lena gcuireann formhór na scoileanna iad féin i láthair sa tsaol, agus bíonn siad bainteach le comhlacht pátrúnachta ar leith dá réir.

Éiteas teanga an tsaintréith bhunúsach eile de scoil ar bith, go háirithe scoileanna lán-Ghaeilge. Cé go ndíríonn An Foras Pátrúnachta ar scoileanna lán-Ghaeilge amháin, chomh fada agus a bhaineann sé le cúrsaí creidimh, tá scoileanna éagsúla faoina chúram: is scoileanna Caitliceacha iad 53% acu, is scoileanna idirchreidmheacha iad 23% acu, agus is scoileanna ilchreidmheacha iad 24% acu.¹¹¹

Cuireann An Foras Pátrúnachta seirbhísí éagsúla ar fáil do na ballscoileanna agus do scoileanna Gaeilge eile chomh maith. Bíonn cúrsaí oiliúna acu do phríomhoidí,¹¹² mar shampla, agus cuireann siad páipéarachas agus ábhar riaracháin ar fáil i nGaeilge seachas i mBéarla, rud a laghdaíonn an t-ualach oibre ar an fhoireann scoile. Ar na cúraimí eile atá ar An Foras Pátrúnachta ar son a chuid scoileanna tá baill foirne a earcú¹¹³ agus conarthaí agus grinnfhiosrú ag an Gharda Síochána ar mhaithe le cosaint páistí a chinntiú.¹¹⁴

Go dtí 2011, bhí saoirse ag pobal a scoileanna féin a bhunú de réir mar a mhothaigh siad féin gá a bheith leo. Na céimeanna a bhíodh ann de ghnáth ná go dtagadh daoine le chéile le coiste bunú scoile a chur le chéile agus ansin, i ndiaidh dóibh an líon cuí daltaí a mhealladh, iarratas a chur isteach ar aitheantas oifigiúil don scoil ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá an chóras sin as feidhm le cúig bliana anuas ó d'fhógair an Rialtas in 2011 gurb é féin a rialódh cá háit a mbeadh scoileanna nua á n-oscailt feasta; easpa airgid phoiblí atá luaite mar údar an chinnidh sin. Anois, bíonn bunú scoileanna nua ag brath ar dhéimeagrafaic an cheantair agus ar éileamh a bheith ann do chineálacha éagsúla pátrúnachta thar mar atá ar fáil cheana féin sa cheantar. Má fheictear don Roinn go bhfuil dhá ghné ar leith i gceist – scoil nua a bheith de dhíth agus éileamh a bheith ag an mhuintir áitiúil ar chineál eile pátrúnachta – eagraítear comórtas le comhlacht pátrúnachta na scoile nua a roghnú.^{115 116}

Caithfidh fianaise a bheith san iarratas a chuireann comhlacht pátrúnachta isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna a léiríonn go bhfuil éileamh ag tuismitheoirí an cheantair ar an chineál scoile atá á beartú aige. Ní mór don chomhlacht pátrúnachta liosta a chur ar fáil de na tuismitheoirí a mbeidh páistí leo ag tosú ar scoil sa tréimhse cúig bliana atá le teacht.

Tá ríthábhacht le tuairimí na dtuismitheoirí sa cheantar ina bhfuil scoil úr le bunú. Fágann sé sin go gcaithfidh na comhlachtaí pátrúnachta na buntáistí a bhaineann leo féin go sonrach thar aon chomhlacht eile a chur

ina luí ar na tuismitheoirí agus iad a mhealladh lena n-ainm a chur ar an liosta tuismitheoirí a chuirtear leis an iarratas chuig an Roinn Oideachais.

Feictear an bealach a n-oibríonn an córas sin i gcomórtas le scoil a bhunú i mBaile Átha Cliath 14 ar na mallaibh. Bhí an bua ag An Foras Pátrúnachta. D'éirigh leis an bhForas móramh de 23 ainm a bhailiú faoi choinne Ghaelscoil na Fuinseoige i gCluain Sceach a osclaíodh i mí Mheán Fómhair 2016 agus d'áistrigh an scoil go hionad buan i mBaile an Teampaill i Meán Fómhair 2017.

De réir na taithí atá ag An Fhoras Pátrúnachta ar a bheith ag plé le tuismitheoirí, tá dearcadh coitianta ann i measc an phobail maidir leis an rud is scoil lán-Ghaeilge ann, ach níl an dearcadh sin ag teacht le fírinne an scéil. Síleann go leor daoine gur scoileanna Caitliceacha don mheánaicme iad scoileanna lán-Ghaeilge. Go luath in 2017 d'aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna 74 scoil Gaeltachta agus lán-Ghaeilge mar scoileanna DEIS.¹¹⁷ Síleann go leor daoine fosta gur den chúlra eitneach chéanna gach duine de na daltaí a bhíonn ag freastal orthu (daoine geala Éireannacha), rud nach bhfuil fíor; is eachtrannaigh iad 9.60% de dhailtaí atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le meán náisiúnta de 10.40%.¹¹⁸

Níl cuid de na tuismitheoirí ar an eolas faoi bhuanna an tumoideachais ná faoina fhusa atá sé ar pháiste teanga eile a fhoghlaim má tá dhá cheann sealbhaithe aige nó aici cheana féin. Tá sé tugtha le fios ag An Foras Pátrúnachta go bhfuil páistí as an Rúis, as Dubai agus as Stáit Aontaithe Mheiriceá ag freastal ar scoileanna atá faoina chúram agus gur dóchúla ná a mhalairt go dtuigeann a gcuid tuismitheoirí siúd go rímhaith na buntáistí a bhaineann leis an ilteangachas, óir tá siad cleachta leis. In *Ár bPolasaí Gaeilge*, cuireann Gaeloideacheas fáilte roimh inimircigh toisc go n-aithníonn na hinimircigh sin an tábhacht atá le teangacha eile. Bíonn meas ag na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar theangacha na n-imirceach agus bíonn meas acu ar an Ghaeilge.¹¹⁹

⁹⁸ 'Buntáistí na Gaelscolaíochta Ar Fáil Do Chách' ar shuíomh Conradh na Gaeilge, 24 Lúnasa 2015

⁹⁹ Gaeilge do Thuismitheoirí/Irish for Parents, áis ar líne

¹⁰⁰ http://www.erc.ie/documents/naims2010_achoirretuarascala.pdf Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., agus Millar, D. (2011) Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge: Achoimre Tuarascála, An Foras Taighde ar Oideachas

¹⁰¹ <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/athbhreithniu-ar-litriocht.pdf>, lch 59

¹⁰² http://www.gaelscoileanna.ie/assets/An-Tumoideachas-in-%C3%89irinn_D%C3%B3nal-%C3%93-hAinif%C3%A9in.pdf, lch 3

¹⁰³ <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/athbhreithniu-ar-litriocht.pdf>, lch 93

¹⁰⁴ <http://www.foras.ie/irish-medium-education/advantages/>

¹⁰⁵ <http://www.gaelscoileanna.ie/index.php?s=Riachtanais+Speisialta+Oideachais>

¹⁰⁶ <http://www.foras.ie/irish-medium-education/special-needs/>

¹⁰⁷ https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachta%C3%AD/Imeachta%C3%AD/Ph%C3%A1tr%C3%BAnacht-agus-iolrachas-in-Earn%C3%A1il-na-Bunscoile/fpp_progress_to_date_and_future_directions_2014_ir.pdf, lch 6

¹⁰⁸ https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachta%C3%AD/Imeachta%C3%AD/Ph%C3%A1tr%C3%BAnacht-agus-iolrachas-in-Earn%C3%A1il-na-Bunscoile/fpp_progress_to_date_and_future_directions_2014_ir.pdf, lch 5

¹⁰⁹ <http://www.foras.ie/about/statistics/>

¹¹⁰ <http://www.foras.ie/about/statistics/>

¹¹¹ <http://www.foras.ie/about/statistics/>

¹¹² <http://www.foras.ie/bainistiocht-scoile/training-for-schools/>

¹¹³ <http://www.foras.ie/bainistiocht-scoile/earcaiocht/>

¹¹⁴ <http://www.foras.ie/bainistiocht-scoile/child-protection/garda-vetting/>

¹¹⁵ <http://www.gaelscoileanna.ie/bunu-scoil-nua-bunscoileanna/>

¹¹⁶ <https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Scoil-Nua-a-Bhun%C3%BA/Scoileanna-Nua-larbhunoideachas/2017-2018/Socruithe-Maidir-Le-Patrunacht-I-Dtaca-Le-Bunu-lar-Bhunscoileanna-Nua-Ata-Le-Hoscailt-I-Mi-Mhean-Fomhair-2017-agus-2018.pdf>

¹¹⁷ <http://www.gaelscoileanna.ie/news/media/liomhainti-faoi-eiliteachas-gaelscoileanna-breagnaithe-ag-figiuri/>

¹¹⁸ <http://www.foras.ie/about/statistics/>

¹¹⁹ <http://www.gaelscoileanna.ie/files/%C3%81r-bPolasa%C3%AD-Gaeilge.pdf>

Áitíonn An Foras Pátrúnachta gur chun aimhleas na gaeilscoláíochta atá córas reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna le pátrún ar scoil a roghnú as siocair an rogha a bheith bunaithe ar líon na dtuismitheoirí a chuireann a n-ainm le hiarratas an chomhlachta pátrúnachta. Cuirtear an mhionteanga, an Ghaeilge, in iomaíocht leis an mhórtheanga, an Béarla, rud atá míchothrom ann féin. Deacracht mhór eile a luann An Foras Pátrúnachta ná nach bhfuil acmhainní an stáit á gcur ar fáil leis an phobal mhór a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le hoideachas trí Ghaeilge. Tá cuid mhaith den phobal dall ar an tairbhe a dtiocfadh lena bpáistí a bhaint as an ghaelscoláíocht as siocair nach bhfuil maoiniú á thabhairt ag an stát leis an bhneolas agus na fíricí a scaipeadh.

Sa bhliain 2013, léirigh taighde de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go mbeadh an ceathrú cuid den phobal, beagnach, (23%) toilteanach a gclann a chur chuig bhunscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh a leithéid ina gceantar féin, sin ardú 10% ón méid a d'fhreagair in 2001. Agus i gcás iarbhunscoileanna bhí ardú 10% ann fosta ó 8% go 18%.¹²⁰ Is léir nach bhfuil an Rialtas ag freastal ar an mhian sin atá ag sciar réasúnta den phobal: ní scoileanna lán-Ghaeilge iad ach 8% de na scoileanna uile sa stát.¹²¹ Dá ndéanfaí infheistíocht i bhfeachtais eolais, seans maith go mbeadh i bhfad níos mó ná an cheathrú cuid den phobal ag léiriú spéise i scolaíocht lán-Ghaeilge dá bpáistí agus á gcur chuig scoil lán-Ghaeilge.

Faigheann na comhlachtaí pátrúnachta maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna de réir líon na ndaltaí agus na scoileanna a bhíonn á riar acu. Íocann

scoileanna ar baill de An Foras Pátrúnachta iad €8 an dalta leis an Fhoras, suas go méid teoranta. Is carthanas fosta é an Foras, ach is beag an méid a fhaigheann sé mar thabhartais. Tá triúr ag obair ann; tá suas le níos mó ná 30 duine ag obair i gcomhlachtaí pátrúnachta eile.

Cé gur lú na hacmhainní atá ag An Foras Pátrúnachta i gcomparáid le cuid de na comhlachtaí eile atá ag treabhadh an ghoirt chéanna, deir siad go n-éiríonn go maith leo dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí agus feachtais eolais ar bun acu nuair a bhíonn scoileanna nua á mbunú. Dar leis an Fhoras, aithníonn an Roinn Oideachais gurb iad na scoileanna atá faoina chúram siúd na scoileanna is mó fáis sa stát.

Focal scoir

Mara chonacthas, tá a lán dúshlán roimh scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge; tá ró-éileamh ar áiteanna i scoileanna lán-Ghaeilge; sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di, tá imní agus míthuiscintí ar thuismitheoirí faoin tmoideachas; i measc an phobail, tá dearcadh faoin oideachas lán-Ghaeilge nach bhfuil cruinn, síleann siad go mbaineann sé le Caitlicigh mheánaicmeacha, rud nach bhfuil fíor. Ach is léir fosta go bhfuil an pobal báuil leis an Ghaeilge agus dá mbeadh poiblíocht cheart agus an tacaíocht cheart ann gur mó an dul chun cinn a bheadh déanta le cúis na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

5. Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Foilíodh *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (an Polasaí mar a thabharfar air sa chaibidil seo) i mí Dheireadh Fómhair 2016; seoladh go hoifigiúil é ar an 28ú Deireadh Fómhair 2016.

Is ísprioc uileghabhálach an Pholasaí "a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta".¹²²

Táthar ag iarraidh "feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge"¹²³ ionas go dtig le tuismitheoirí a bheith muiníneach go bhfuil a gcuid páistí ag fáil oideachas den chéad scoth agus nach bhfuil aon drogall ná buairt ar na tuismitheoirí i dtaca le caighdeán an oideachais atá ar fáil dá gclann sa Ghaeltacht.

Spríoc eile atá ann an soláthar cuí oideachais a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga atá á dtógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá sé beartaithe céatadán na scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge amháin a mhéadú sa dóigh go mbeidh rochtain ag gach dalta ar theagasc trí mheán na Gaeilge.¹²⁴

Sa *Pholasaí* dúradh go mbunófaí Aonad Gaeltachta "chun maoirsiú agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Pholasaí le hoideachas ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht a chinntiú do dhaoine óga." Bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta i mí Eanáir 2017 sa Roinn Oideachais agus Scileanna.¹²⁵

Tá polaiteoirí ardchéime i ndiaidh a fhógairt go poiblí go ndéanfaidh siad a ndícheall leis an chóras oideachais sa Ghaeltacht a neartú agus a fheabhsú. Nuair a bhí Enda Kenny ina Thaoiseach, dúirt sé sa Dáil ar an 18ú

Deireadh Fómhair 2016, roimh sheoladh an Pholasaí, "Má táimid dáiríre faoi seo ní foláir dúinn dul i ngleic leis ar bhealach dáiríre."¹²⁶ Dúirt an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, san intreoir ar an *Pholasaí* go bhfuil creat leagtha amach ann maidir leis an dóigh a dtacóidh an córas oideachais le príomhchuspóirí na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.¹²⁷

Cuirfeadh an *Polasaí* i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus "de réir mar a cheadaíonn acmhainní".¹²⁸ Ní mór do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a bheith ar an airdeall maidir leis an fhocláíocht seo óir thiocfadh leis an Rialtas lá níos faide anonn teacht i dtír uirthi sa chás ina mbeadh sé de rún acu droim a thabhairt ar na moltaí agus na gealltanais atá déanta sa *Pholasaí*.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an *Pholasaí* i mí Mheán Fómhair 2017. Tá €1 milliún á chur ar fáil don obair a dhéanfar sa tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2017,¹²⁹ agus tá sé tugtha le fios ag an Phríomhchigire sa Roinn Oideachais agus Scileanna, an Dr. Harold Hislop, go mbeidh "i bhfad níos mó" airgid i gceist do na blianta ina dhiaidh sin.¹³⁰ Ag cruinniú le Gaelscoileanna (an t-ainm a bhí ar Ghaeloideachas) luaigh Seán Kyne, Aire Stát na Gaeltachta, go raibh €7 milliún á lua mar bhuiséad chun na moltaí a chur i bhfeidhm.¹³¹ Is dócha gur as sin a tháinig an smaoineamh sna meáin go mbeadh ar a laghad €2 milliún agus suas le €3 milliún de dhíth in aghaidh na bliana.¹³² Ach is gá na huimhreacha seo a chinntiú.

Is iad seo a leanas na seacht gcolún de thacaíocht thiomnaithe sa *Pholasaí*:

1. Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú
2. Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge
3. Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt

¹²² Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 7

¹²³ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 7

¹²⁴ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 10

¹²⁵ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 9

¹²⁶ <http://tuairisc.ie/gealltanais-an-taoisigh-taimid-dairire-faoin-bpolasai-oideachais-nua-don-ghaeltacht-agus-cuirfeadh-na-hacmhainni-ar-fail/>

¹²⁷ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 4-5

¹²⁸ Intreoir an Aire Oideachais ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

¹²⁹ <https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachta%3AD/Preas%3A1itis/Preasraitis-2016/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-Nota-Eolais.PDF> Ich 8

¹³⁰ <http://tuairisc.ie/bearla-le-dibirt-o-naionain-na-gaeltachta-agus-polasai-oideachais-nua-seolta-ag-an-taoiseach/>

¹³¹ <http://tuairisc.ie/abhar-mor-dioma-nach-dtuagar-aird-ar-bith-ar-an-ngaelscolaiocht-i-straitéis-na-roinne-oideachais/>

¹³² <http://tuairisc.ie/an-polasai-oideachais-nua-don-ghaeltacht-ag-brath-ar-chainteanna-buiseid/>

¹²⁰ <https://www.esri.ie/pubs/BKMNEXT299.pdf>, lch 82

¹²¹ <https://www.cnag.ie/ga/nuacht/686-bunt%3A1ist%3AD-na-gaelscola%3ADochta-ar-f%3A1il-do-ch%3A1ch.html>

4. Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge
5. Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga
6. Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
7. Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo.

Más féidir leis an bPolasaí gealltanais na gcolún seo a chur in áit i gceart cuirfidh siad bonn láidir faoin oideachas sa Ghaeltacht. Ach beidh mórán dúshlán le sárú ag an bPolasaí sna scoileanna agus taobh amuigh díobh.

Sna seomraí ranga, ní hionann leibhéal na Gaeilge ag gach páiste. Tá páistí ann ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, agus tá páistí eile ann a labhraíonn idir Ghaeilge agus Béarla sa bhaile. Béarla amháin atá ag cuid de na páistí sa bhaile, agus ní labhraíonn páistí eile ceachtar den dá theanga i dteaghlach áirithe. Tá sé de dhualgas ar scoileanna Gaeltachta freastal ar pháistí de gach leibhéal Gaeilge. Deirtear sa *Pholasaí* go bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna

tiomanta lena chinntiú go gcuirtear tacaíocht idirdhealaithe ar fáil d'fhorbairt agus sóisialú Gaeilge na gcainteoirí dúchais laistigh den chóras scolaíochta i limistéir Ghaeltachta. Áireoidh tacaíocht dá leithéid a chinntiú go sásaíonn an curaclam don Ghaeilge riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus go gcuirtear tacaí scoite do shaibhriú teanga ar fáil dóibh, agus d'fhoghlaimoirí Gaeilge.¹³³

Féachar an gcuid a bhaineann leis 'An Iar-bhunscolaíocht' thuas, a thosaíonn ar leathanach 10, le tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo.

Is í an Ghaeilge an meán teagaisc i bhformhór na scoileanna Gaeltachta, ach Béarla atá i réim i gcuid acu. De réir na bhfigiúirí sa *Pholasaí*, thairiscigh 102 de na 134 bunscoil phríomhshrutha (76%) agus 19 de na 28 iar-bhunscoil (68%) atá suite sa Ghaeltacht go mbíonn an curaclam á mhúineadh acu go hiomlán trí Ghaeilge.¹³⁴ Leis an *Pholasaí* úr, beidh sainmhíniú nua ar an rud is 'scoil Ghaeltachta' ann. Ní suíomh geografach amháin a bheas i gceist; glacfar cúinsí teanga san áireamh chomh maith.¹³⁵

Tá próiseas aitheantais ann do bhunscoileanna¹³⁶ agus d'iar-bhunscoileanna¹³⁷ le stádas mar 'scoil Ghaeltachta'

a bhaint amach. Seoladh cuireadh chuig scoileanna sa chéad leath de 2017 chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a lorg agus tá céimeanna éagsúla le cur i gcrích leis an aitheantas sin a bhaint amach. Beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán i nGaeilge i réimsí na múinteoireachta agus an riaracháin araon. Cuirfear dhá bhliain luath-thumoideachais iomláin i bhfeidhm i ranganna na naíonán. Eisceacht is ea teagasc an churaclaim don Bhéarla agus do theangacha eile i ranganna níos sinsearaí. Déanfaidh cigirí ón Roinn Oideachais agus Scileanna measúnú ar na scoileanna mar chuid den phróiseas aitheantais. Beidh cuidiú le fáil ag scoileanna Béarla, ag scoileanna a dhéanann páirt-tumadh agus ag scoileanna dátheangacha chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach ar bhonn céimnithe.¹³⁸

Is iad seo a leanas cuid de na riachtanais a bheidh le comhlíonadh ag scoileanna:

- Ag leibhéal na bunscoile, clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tsraith naíonán nach múinfear Béarla ar bith lena linn¹³⁹
- Ag leibhéal na bunscoile, cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge¹⁴⁰
- Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, leathnú a dhéanamh ar an fháil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, de réir mar a théann an scoil i dtreo cur chuige lántumtha¹⁴¹
- Eispéiris oideachais ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith á dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge¹⁴² chomh maith le foghlaimoirí Gaeilge¹⁴³
- Plean Gníomhaíochta a fhorbairt a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus na buntáistí le foghlaim na Gaeilge agus le foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc scoláirí, tuismitheoirí agus phobal na scoile.¹⁴⁴

Cuirfidh scoileanna Gaeltachta plean gníomhaíochta feabhsúcháin le chéile a léireoidh na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le riachtanais an phróisis aitheantais a chomhlíonadh. Nuair a ghlacfar le scoil sa phróiseas aitheantais, tabharfar acmhainní múinteoireachta agus/nó acmhainní breise di. Cuirfear acmhainní breise ar fáil ar feadh tréimhse trí bliana do scoileanna ar mhaith leo stádas aitheantais Gaeltachta a bhaint amach; má léiríonn siad go bhfuil go leor dul chun cinn déanta acu faoi dheireadh na tréimhse sin, coinneoidh siad na hacmhainní breise agus tabharfar tuilleadh dóibh don tréimhse dhá bhliain ina dhiaidh sin.¹⁴⁵ Beidh forbairt ghairmiúil leanúnach thiomnaithe do mhúinteoirí i gceist agus beidh deis ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge araon céimithe nuacháilithe ó chúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí a thabhairt isteach, ar bonn *ex quota*, ar socrúchán ar feadh bliana nuair is ann do na cúrsaí seo.¹⁴⁶

Déanfaidh cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna agus an Foras Taighde ar Oideachas measúnú ar thionchar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.¹⁴⁷

Beidh baint ag a lán eagraíochtaí le cur i bhfeidhm an Pholasaí, ach beidh COGG lánach i gcur i bhfeidhm an Pholasaí. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna acmhainní breise a leithdháileadh ar COGG:

Chun acmhainní foghlama ardchaighdeán a fhorbairt agus chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhartha ar leith laistigh den Pholasaí a chuideoidh le tuilleadh forbartha ar an oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge agus teagasc na Gaeilge.¹⁴⁸

Is cinnte go bhfuil acmhainní breise de dhíth ar COGG leis na freagrachtaí breise a bheidh orthu faoin *Pholasaí* a chomhlíonadh. Seo roinnt de na freagrachtaí a bheidh ag COGG:

- Agus pleanáil ar siúl aici chun deiseanna tiomnaithe FGL a sholáthar do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta, beidh teagmháil ag COGG leis an Aonad Polasaí Oideachais Ghaeltachta sa Roinn agus le seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an tSeirbhís Tacaíochta Cuimsithe (a bhfuil an tSeirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta ag aistriú chuici) agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile chomh maith leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), Líonra na nIonad Oideachais agus Institiúidí Ardoideachais (IAOanna).

• Beidh COGG i dteagmháil freisin le scoileanna agus múinteoirí i limistéir Ghaeltachta d'fhonn riachtanais na scoileanna, na bpríomhoidí agus na múinteoirí a aithint. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin le gníomhaireachtaí agus scoileanna, déanfar plean bliantúil chun deiseanna tiomnaithe FGL dá leithéid a sholáthar, chomh maith leis na clár náisiúnta FGL, a chomhaontú leis an Roinn ar bhonn bliantúil, agus cuirfear maoiniú imfhálaithe ar fáil do COGG chun tacú lena chur i bhfeidhm.

• Mar gheall ar an sainchúram atá ar COGG le comhairle a chur agus le comhordú a dhéanamh maidir le hacmhainní teagaisc a sholáthar, seirbhísí tacaíochta agus taighde a chur ar fáil don Ghaeilge agus don oideachas trí mheán na Gaeilge agus comhairle a chur maidir le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge i gcoitinne, beidh ról sa bhreis ag COGG ina ndéanfar comhordú ar thacaíochtaí agus tionscnaimh ar leith a sheachadadh don oideachas Gaeltachta i gcomhar leis na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus le gníomhaireachtaí eile. Beidh na freagrachtaí áirithe seo a leanas ar COGG:

- Comhordú a dhéanamh ar sholáthar FGL tiomnaithe do mhúinteoirí agus príomhoidí i scoileanna Gaeltachta chomh maith leis na clár FGL atá á soláthar ag seirbhísí tacaíochta náisiúnta. San áireamh ina leithéid de sholáthar FGL tiomnaithe beidh tacaíocht le haghaidh rannpháirteachais ó scoileanna sa phróiseas pleanála teanga Gaeltachta agus cur i bhfeidhm cuir chuige tumoideachais
- Forbairt agus bainistíocht a dhéanamh ar thairseach acmhainní ar líne do scoileanna Gaeltachta atá ceangailte le Scoilnet
- Forbairt a dhéanamh ar threoiríní dea-chleachtas do scoileanna Gaeltachta.

Cuireadh fáilte roimh an *Pholasaí* nuair a tháinig sé amach in 2016. Is léir go raibh agus go bhfuil dea-thoil ann chun é a chur i bhfeidhm. Chuir a lán eagraíochtaí a lán ama isteach go bhfeicfeadh an Polasaí solas an lae. Anois tá trí rud riachtanach chun go mbláthfaidh sé: an toil, an tacaíocht agus an t-airgead. Is gá do chách bheith gníomhach: An Rialtas tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, na heagraíochtaí oideachais, na pobail uile, na scoileanna uile, na múinteoirí uile, na tuismitheoirí uile, agus na páistí uile. Ní cúram eagraíochta, grúpa, ná duine í an Ghaeilge, is é cúram gach duine í.

¹³³ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 16

¹³⁴ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 15

¹³⁵ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 17

¹³⁶ https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0033_2017_ir.pdf

¹³⁷ https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0034_2017_ir.pdf

¹³⁸ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 18

¹³⁹ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 8

¹⁴⁰ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 11

¹⁴¹ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 8

¹⁴² Sainmhínear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge agus a labhraíonn a t(h)uismitheoirí

Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í.

¹⁴³ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 11

¹⁴⁴ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 11

¹⁴⁵ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 13

¹⁴⁶ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 20

¹⁴⁷ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 13

¹⁴⁸ Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 Ich 9

Conclúidí

Laigí agus Bagairtí

Seo thíos liosta de laigí agus de bhagairtí atá sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann faoi láthair. Luaitear cad é a chaithfear a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta leis an scéal a fheabhsú.

A: Dearcadh an Rialtais agus an Aosa Pholaitíochta

Laigí agus Bagairtí	Nótaí
Sa <i>Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> deirtear go gcuirfear i bhfeidhm é “de réir mar a cheadaíonn acmhainní”.	Níl gealltanais daingean ann go gcuirfear na moltaí atá sa <i>Pholasáí</i> i bhfeidhm: thiofadh leis an Rialtas a mhaíomh amach anseo nach bhfuil go leor acmhainní ar fáil. Tá réimse an-leathan dualgas ar COGG maidir le feidhmiú an <i>Pholasáí</i> : beidh ar an Rialtas a lán acmhainní a chur ar fáil chun cabhrú léi.
Cad atá déanta ag na Rialtais éagsúla chun an Ghaeltacht a chosaint nó an Ghaeilge a chur chun cinn ar dhóigh éifeachtach, fhiúntach? <i>The Irish Language – a linguistic crisis?</i> léiríonn Appendix 1 príomhghníomhartha an Rialtais ó bhunú an Stáit. ¹⁴⁹	Tar éis Bhunreacht na hÉireann agus bhunú theorainneacha na Gaeltachta tá sé suimiúil sa Nóta nach léirítear an tuairisc <i>Athbheochan na Gaeilge</i> (1965) san Aguisín agus iad ag trácht ar “Significant legislative, legal and policy developments in relation to Irish”. I 1972 cuireadh Ráidió na Gaeltachta ar bun. I 1973 chuir an rialtas deireadh leis an ghá pas a fháil sa Ghaeilge chun an Arteistiméireacht a bhaint amach agus i 1974 chuir an Rialtas deireadh leis an riachtanas gur ghá do státseirbhísigh Gaeilge a bheith acu. I 1993 chuir Bord na Gaeilge treoracha ar fáil don Rialtas faoi úsáid na Gaeilge sna seirbhísí poiblí, is beag éifeacht a bhí leo.

	<p>I 1996 bhunaigh an Rialtas TnaG (TG4 anois).</p> <p>I 1998 san Acht Oideachais nua bhí aidhmeanna ann faoi úsáid na Gaeilge sna scoileanna.</p> <p>In 2003, tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm. In 2004 cuireadh Oifig an Choimisinéara Teanga ar bun agus ceapadh Seán Ó Cuirreáin mar choimisinéir. Idir tús agus deireadh a thréimhse d’fhoilsigh an Rialtas <i>Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30, Acht na Gaeltachta 2012</i>.</p> <p>In 2014 d’éirigh Seán Ó Cuirreáin as a phost mar gheall ar easpa gníomhaíochta an Rialtais agus na seirbhísí poiblí i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge.</p> <p>Sin mar a bhí an scéal go dtí seo, beidh le feiceáil cad a tharlóidh leis an <i>bPolasáí don Oideachas Gaeltachta</i> agus leis na sonraíochtaí don tsraith shóisearach (T1) agus (T2).</p>
Agus Fine Gael sa fhreasúra in 2011, dúirt a gclár rialtais: “We will overhaul the curriculum at second level and we will critically examine the effect of current training methods of teachers to teach. Irish as an optional subject for Leaving Certificate will only apply following consultations on both matters.” Bhí sé mar aidhm ag Fine Gael: “We aim to double the proportion of Irish students sitting the Higher Level Leaving Certificate exam by 2018.	Bhí scéalta sna meáin faoi seo. Mar gheall ar bhrú phobal na Gaeilge, rinne an Rialtas cinneadh gan leanúint ar aghaidh leis an smaoineamh deireadh a chur le Gaeilge éigeantach san Ardeistiméireacht. Is léir go ndeachaigh an brú sin i bhfeidhm ar Ruairí Quinn mar a léirigh John Walshe ina leabhar faoin tréimhse a chaith sé mar chomhairleoir do Quinn sa rialtas. Níor mhian le Quinn a chuid fuinnimh a chur amú le troid le pobal na Gaeilge.

¹⁴⁹ https://oireachtas.ie/parliament/media/housesoftheoireachtas/libraryresearch/lrsnotes/20161101__LRS-Note-Irish-language-State-policy_rev.pdf

B: Curaclaim agus Oiliúint do Mhúinteoirí

Laigí agus Bagairtí	Nótaí
<p>Caighdeán Gaeilge na bpáistí – seo an imní a bhíonn ar thuismitheoirí agus oideachasóirí faoi láthair.</p> <p>I mbunscoileanna ina múintear an Ghaeilge mar ábhar, bogann páistí ó na scoileanna sin go hiar-bhunscoileanna agus ag deireadh an tréimhse sin ní féidir le cuid mhaith díobh comhrá bunúsach a dhéanamh. I staidéar a rinne <i>Harris et al</i> sna bunscoileanna Béarla in 2002 fuair siad titim shuntasach i scileanna cainte i measc na bpáistí.</p> <p>I scoileanna lán-Ghaeilge cé go mbíonn na páistí líofa sa chaint, ní hé an cruinneas an chloch is mó ar a bpáidrin. In 2002 fuair <i>Harris et al</i>: "...all-Irish schools maintained, to a large degree, the attainment levels of 1985 with the exception of <i>Control of the morphology of verbs in speaking and Control of the syntax of statements</i>."</p> <p>I scoileanna Gaeltachta, tá imní ann faoina lán gnéithe de theanga na bpáistí: cruinneas, saibhreas, mar shampla. In <i>Iníúchadh ar an gCumas Dátheangach</i> léiríodh na fadhbanna a bhí ag na páistí sin.</p>	<p>Díreodh <i>Curaclam Teanga na Bunscoile</i> ar pháistí i scoileanna ina múintear an Ghaeilge mar ábhar, agus ar pháistí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Cabhróidh sé leis na múinteoirí toisc go luann sé na torthaí foghlama is gá do na páistí a bhaint amach. Tugann an curaclam samplaí do na múinteoirí ar conas an curaclam a theagasc.</p> <p>Sna Gaeltachtaí, áiteanna a bhfuil na pobail ag caint i nGaeilge go laethúil, is gá do phobail pleananna teanga a chur isteach chuig an Rialtas agus deirtear go gcuirfear na hacmhainní ar fáil chun na pleananna a chur i gcrích. Seo rud atá ag tarlú taobh amuigh den chóras oideachais, ach má éiríonn leis na pobail na haidhmeanna a chur i gcrích rachaidh sin i bhfeidhm go mór ar na scoileanna.</p>
<p>Le <i>Curaclam nua Teanga na Bunscoile</i>, tá foghlaim Ghaeilge na bpáistí ag brath cuid mhór ar chumas Gaeilge an mhúinteora.</p>	<p>I dtaithí léachtóirí i gcoláiste oideachais a labhair le Gael Linn, cuid mhór múinteoirí atá faoi oiliúint ina gcoláiste féin níl siad spreagtha iontu féin leis an Ghaeilge a mhúineadh.</p>
<p>Tá cuid mhór múinteoirí cáilithe ann nach bhfuil cumasach ná muiníneach go leor leis an Ghaeilge a mhúineadh.</p>	<p>Caithfear aon drogall a bheadh ar mhúinteoirí a shárú trí oiliúint cheart i múineadh na Gaeilge a chur ar fáil dóibh sa dóigh go mbeidh siad breá muiníneach tabhairt faoi.</p>
<p>Imríonn dearcadh an phríomhoide scoile i leith na Gaeilge tionchar mór ar na múinteoirí: má tá suim aige nó aici sa teanga, éiríonn níos fearr leis na daltaí an Ghaeilge a fhoghlaim agus a shealbhú.</p>	<p>Má bhíonn ardchaighdeán Gaeilge ag ábhair oidí ag fágáil na gcoláistí oideachais dóibh, ní bheidh siad ag brath an oiread sin ar na príomhoidí agus ar a ndearccháí pearsanta féin i leith na Gaeilge.</p>

C: An Iar-bhunscolaíocht

Laigí agus Bagairtí	Nótaí
<p>Bhí an bhéaltrial roghnach sa scrúdú Gaeilge sa Teastas Sóisearach, rud a d'fhág nach ndearnadh measúnú ar chumas labhartha mórán daltaí go dtí go raibh siad 17 mbliana d'aois agus iad ag dul don Ardteistiméireacht.</p>	<p>Is minic an múineadh i scoileanna a bheith dírithe ar phas a bhaint amach i scrúdú oifigiúil stáit. Sa chás nach raibh an bhéaltrial á déanamh ag na daltaí, seans maith nár cuireadh béim ar bith sa seomra ranga, ná áit ar bith eile, ar labhairt na Gaeilge.</p> <p>Ní bheidh béaltrial ar bith – roghnach ná éigeantach – i gcóras measúnaithe na sraithe sóisearaí atá tógtha isteach. Ní dhéanfar measúnú foirmiúil ar bith ar labhairt na Gaeilge ag daltaí go dtí go mbeidh siad ag dul don Ardteistiméireacht.</p> <p>Ní nach ionadh go raibh daltaí den tuairim, de réir staidéar ESRI, nach raibh an teanga chomh húsáideach ná chomh suimiúil céanna le hábhair eile.</p> <p>Ní dhéanfar measúnú foirmiúil ar na daltaí ach beidh tasc rangbhunaithe labhartha mar chuid den mheasúnú.</p>
<p>Tá siollabas nua i bhfeidhm don Ardteistiméireacht ó bhí 2010 ann. In áit 25% den mharc fhoriomlán a bheith ar fáil don bhéaltrial, tá suas le 40% ag dul di. (Féach thíos gur láidreacht agus deis é seo fosta.)</p>	<p>Cé go bhfuil feabhas tagtha ar na torthaí agus méadú tagtha ar líon na n-iarrthóirí atá ag dul don ardleibhéal san Ardteistiméireacht, dar le COGG go bhfuil caighdeán na Gaeilge tite ó tugadh isteach an siollabas úr. Tá an rud céanna tugtha faoi deara ag lucht na gcoláistí oideachais a deir nach ionann A nó B a fháil san Ardteistiméireacht agus Gaeilge mhaith a bheith ag an mhac nó ag an iníon léinn.</p> <p>Deir lucht na gcoláistí oideachais go bhfuil na scileanna eile teanga (léamh agus scríobh) thíos leis an siollabas nua – agus mar thoradh air sin nach bhfuil múinteoirí chomh hoilte agus a bhíodh leis an Ghaeilge a mhúineadh sa bhunscoil.</p> <p>Níl céatadán marcanna chomh hard céanna ar fáil don bhéaltrial i dteangacha eile, agus níl lucht na dteangacha eile ag éileamh go mbeadh.</p> <p>Deir lucht na gcoláistí oideachais go bhfuil na scileanna eile teanga (léamh agus scríobh) thíos leis an siollabas nua – agus mar thoradh air sin nach bhfuil múinteoirí homh hoilte agus a bhíodh leis an Ghaeilge a mhúineadh sa bhunscoil.</p>

D: Díolúine

Laigí agus Bagairtí	Nótaí
Tá méadú mór tagtha le deich mbliana agus tuilleadh anuas ar líon na ndaltaí a fuair díolúine ón Ghaeilge (20,000 in 2004 go 32,000 in 2014). Bhí díolúine ag 7,000 in 2004 ar chúinsí deacrachtaí foghlama; 19,000 an líon scoláirí a raibh díolúine acu ar an bhunús chéanna in 2014.	<p>Ní fios cén fáth go díreach a bhfuil méadú chomh mór sin tagtha ar líon na ndíolúintí a deonaíodh.</p> <p>De réir Chomhar na Múinteoirí Gaeilge (nach ann dóibh a thuilleadh), tá easpa polasaithe, éiginnteacht agus easpa trédhearcachta ann maidir le díolúine ón Ghaeilge.</p> <p>Creideann a lán múinteoirí agus oideachasóirí go bhfuil mí-úsáid á baint as an chóras díolúine le droim láimhe a thabhairt d'fhoghlaim na Gaeilge.</p>
Beagnach dhá thrian de na daltaí a fuair díolúine ón Ghaeilge sa tsraith shinsearach rinne siad staidéar ar theangacha eile, an Fhraincis agus an Ghearmáinis ina measc.	De réir thaighde ESRI, dúirt daltaí séú bliain go raibh an Fhraincis agus an Ghearmáinis níos deacra ná an Ghaeilge
Tá caint ann sa Roinn Oideachais ó bhí deireadh na 1990idí ann, breis agus 15 bliana ó shin, ar athbhreithniú a dhéanamh ar dhíolúine na Gaeilge. Níl sé déanta fós.	<p>Tá cúl síos iomlán ar shuíomh na Roinne Oideachais agus Scileanna ar an bhealach le cur isteach ar dhíolúine. Tá cuma ar an phróiseas go bhfuil sé casta. I ndiaidh an méid eolais a nochtann an próiseas faoi dheacrachtaí na ndaltaí, is doiligh a thuiscint cad é mar a thig leis na daltaí seo tosú ar theanga eile.</p> <p>Chuir an nuachtán ar líne <i>Tuairisc.ie</i> iarratas isteach chuig an Roinn Oideachais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise faoi cheist na díolúine. Dúirt an Roinn nárbh ann do dhoiciméid ar bith a measadh a bheith bainteach leis an scéal.</p>

E: Múinteoirí

Laigí agus Bagairtí	Nótaí
An t-íosriachtanas Gaeilge san Ardteistiméireacht C3 (55-59.99%) do mhic léinn le háit a fháil ar chúrsa bunmhúinteoireachta sna coláistí oideachais. Islíodh é go A/H5 (50-60%) i Meán Fómhair 2017. Ar an 3 Deireadh Fómhair 2017 afách, d'fhógair an t-Aire Oideachais Richard Bruton go mbeidh grád H4 nó 60-70 % ar a laghad sa Ghaeilge ardleibhéal ag teastáil le fáil ar chúrsa bunmhúinteoireachta sna coláistí oideachais.	<p>In 2012 rinne An Chomhairle Múinteoireachta moladh an t-íosriachtanas a ardú go 60%, agus i Samhain 2016 chuir an ESRI tuarascáil amach tar éis don Chomhairle Mhúinteoireachta iarraidh orthu taighde a dhéanamh ar an ábhar. Luaigh siad go gcuirfeadh ardú an íosriachtanais isteach ar aicmí sóisialta áirithe. Anois tá an chuma ar an scéal nach bhfuil An Chomhairle Mhúinteoireachta ag moladh a leithéid de smaoineamh anois.</p> <p>Sa <i>Pholasáí don Oideachas Gaeltachta</i> déantar cuid mhór plé ar a thábhachtaí atá sé múinteoirí a oiliúint le bheith ag múineadh trí Ghaeilge. Luann sé gur chóir “machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le tairseach inniúlachta níos dúshlánaí a leagadh síos i dtaca leis na daoine sin a bhfuil sé ar intinn acu teagasc san earnáil...” Is mór an difear atá idir machnamh agus gníomh.</p> <p>Ní bhíonn go leor ama ar fáil ar na cúrsaí bunmhúinteoireachta tríd leibhéal lena chinntiú go mbeidh caighdeán Gaeilge na mac ard go leor le go mbeidh siad in ann an curaclam a mhúineadh i gceart.</p> <p>Beidh iarmhairt thromchúiseach ag an íslíú caighdeáin seo mura bhfaighidh sciar maith den chéad ghlúin eile de dhaltaí bunscoile teagasc ceart sa Ghaeilge. Beidh sé doiligh an scéal a chur ina cheart arís.</p>

F: Scoileanna

Laigí agus Bagairtí	Nótaí
Ní scoileanna lán-Ghaeilge iad ach 8% de na scoileanna sa stát. Níl go leor áiteanna ann le freastal ar an éileamh.	Caithfear níos mó áiteanna agus scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil le freastal ar an éileamh atá ag tuismitheoirí orthu.
Mar gheall ar an ghanntanas áiteanna i scoileanna lán-Ghaeilge, tá daoine áirithe den phobal den tuairim go bhfuil éilíteachas agus scothroghnchas ag baint leis an Ghaelscolaíocht. Ní thuigeann siad go mbíonn fáilte roimh pháistí de gach cúlra sóisialta, cultúrtha, reiligiúnach agus eitneach i scoileanna lán-Ghaeilge.	Tá Gaeloideachas agus An Foras Pátrúnachta ag obair go dian leis an dearcadh seo a athrú. Dá mbeadh tuilleadh maoinithe ar fáil dóibh, bheadh sé níos éasca orthu an scéal a scaipeadh trí fheachtais snasta phoiblíochta agus mhargaíochta.
Áitíonn An Foras Pátrúnachta gur chun aimhleas na Gaelscolaíochta atá córas reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna le pátrún ar scoil a roghnú as siocair é a bheith bunaithe ar líon na dtuismitheoirí a chuireann a n-ainm le hiarratas an chomhlacht pátrúnachta is iarratasóir.	Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an chóras reatha agus é a choigeartú le cothrom na Féinne a thabhairt don Ghaelscolaíocht.
Níl acmhainní an stáit á gcur ar fáil leis an phobal mhór a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le hoideachas trí Ghaeilge. Tá cuid mhaith den phobal dall ar an tairbhe a dtiocfadh lena bpáistí a bhaint as an Ghaelscolaíocht as siocair nach bhfuil maoiniú á thabhairt ag an Stát leis an bhuneolas agus na fíricí a scaipeadh.	Caithfidh an Rialtas tuilleadh acmhainní agus maoinithe a chur ar fáil ionas gur féidir fíricí faoi na buntáistí a bhaineann leis an oideachas trí Ghaeilge agus leis an dátheangachas a chur ina luí ar an phobal.

Láidreachtaí agus Deiseanna

Seo thíos liosta de chuid de na láidreachtaí agus deiseanna a bhaineann leis an chóras oideachais. Luaitear cad é a chaithear a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta le teacht i dtír ar na deiseanna seo agus an scéal a fheabhsú.

A: Dearnadh an Rialtais agus an Aosa Pholaitíochta

Láidreachtaí agus Deiseanna	Nótaí
Tá ardstádas ag an Ghaeilge go hoifigiúil sa stát. Tugtar tús áite di i mBunreacht na hÉireann, tá Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm ó bhí 2003 ann agus tá <i>Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030</i> ann.	In ainneoin a stádais oifigiúil, tá cúl tugtha ag an stát don Ghaeilge le fada an lá ar bhonn praiticiúil. Níl na straitéisí ná an reachtaíocht á gcur i bhfeidhm ach sa bheag, mar a chonachtas nuair a d'éirigh Seán Ó Cuirreáin as a phost mar Choimisinéir Teanga in 2014.
Tá <i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> ann agus bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Eanáir 2017 leis an Pholasaí a chur i bhfeidhm.	Tá €1 mhilliún geallta do chéad bhliain an Pholasaí. Beidh le feiceáil an gcuirfidh an Rialtas go leor airgid ar fáil ina dhiaidh sin leis na moltaí atá ann a chur i bhfeidhm.

B: Dearnadh an Phobail

Láidreachtaí agus Deiseanna	Nótaí
I nDaonáireamh 2011 thug 1,774,437 duine (41.4% den daonra) le fios go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, méadú 7.1% le hais 2006.	Ach i 2016 dúirt 1,761,420 duine sa Daonáireamh go raibh Gaeilge de chineál éigin acu. Is laghdú 0.7% é sin ar an 1,774,437 duine a dúirt go raibh Gaeilge acu sa Daonáireamh a rinneadh in 2011.
Bhí an córas oideachais iontach tábhachtach do nuachainteoír na Gaeilge (téarma an Dr John Walsh). Luann cuid mhór acu "múinteoirí inspioráideacha" a spreag iad lena gcuid féin a dhéanamh den teanga.	Tá ríthábhacht le ról an mhúinteora: is gá bunoilúint agus deiseanna forbartha gairmiúla den scoth a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh daltaí spreagtha le foghlaim níos fearr a dhéanamh.
Tá dea-thoil ag an phobal don Ghaeilge, de réir taighde atá déanta ag ESRI agus ag Conradh na Gaeilge, cé nach bhfuil sí á labhairt ach ag líon beag daoine ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais (73,803 de réir Dhaonáireamh 2016).	Cothaíonn an dea-thoil na cúinsí inar féidir cur le líon na gcainteoirí Gaeilge agus seirbhísí Gaeilge a thairiscint go forleathan ar fud an stáit, go háirithe sa Ghaeltacht.
D'fhreagair 72% duine a bhí páirteach i suirbhé de chuid Millward Brown ar son Chonradh na Gaeilge gur chóir oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo é.	Tá sciar suntasach den phobal i bhfách le deiseanna Gaeilge a chur ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo iad. Léiriú is ea é seo ar an mheas atá ag an phobal ar an teanga agus ar an dea-thoil atá acu di.

C: Cúrsaí Curaclaim

Láidreachtaí agus Deiseanna	Nótaí
Ó ranganna na naíonán go Rang a Dó tá Curaclam nua Teanga na Bunscoile i bhfeidhm ó bhí Meán Fómhair 2016 ann (T1 agus T2).	Curaclam comhtháite é ina gcuirtear úsáid na Gaeilge chun cinn in ábhair eile seachas an Ghaeilge féin agus i ngnáthimeachtaí an lae ar scoil. Cuirfidh an cur chuige seo deiseanna sa bhreis ar fáil do dhaltaí an teanga a fhoghlaim, a dhaingniú agus a shealbhú.
Tá siollabas nua i bhfeidhm don Ardteistiméireacht ó bhí 2010 ann. In áit 25% den mharc fhoriomlán a bheith ar fáil don bhéaltriall, tá suas le 40% ag dul di. (Féach thuas gur laige agus bagairt é seo fosta.)	Tá méadú sách suntasach tagtha ar líon na ndaltaí atá ag dul don chúrsa ardleibhéil agus tá feabhas tagtha ar na torthaí ó tugadh an sonrúchán nua isteach (ach féach go bhfuil míbhuntáistí leis an tsonrúchán úr fosta, faoi mar atá leagtha amach in Laigí agus Bagairtí thuas).
Go dtí seo, bhí na siollabais chéanna i bhfeidhm le blianta fada anuas do chainteoirí dúchais agus d'fhoghlaimoirí na Gaeilge sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach in iar-bhunscoileanna. Bhí na cainteoirí dúchais thíos leis sa chaoi gur minic nach raibh deis acu a gcuid Gaeilge a shaibhriú ná a lán-acmhainneacht mar chainteoirí Gaeilge a fhíorú.	Tá dhá shonrúchán curaclaim don Ghaeilge á bhforbairt anois ag CNCM le freastal ar an dá ghrúpa sa tsraith shóisearach, agus beidh dhá shonrúchán á bhforbairt don tsraith shinsearach amach anseo. Dúshlán mór a bheas ann.

D: Acmhainní

Láidreachtaí agus Deiseanna	Nótaí
Tá feabhas tagtha ar an scéal ó thaobh téacsleabhar agus acmhainní eile teagaisc agus foghlama de le roinnt blianta anuas, mar is leir ó leabhráin áiseanna COGG a fhoilsítear gach bliain agus a chuirtear amach chuig na scoileanna.	<p>Dúradh sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta go bhfuil acmhainní breise le leithdháileadh ar COGG le moltaí sa Pholasaí a chur i bhfeidhm.</p> <p>Tá comhoibriú maith ann idir COGG agus An Gúm agus CCEA agus An tÁisaonad ó thuaidh.</p> <p>Leis na sonraíochtaí nua atá ag teacht isteach sa tsraith shóisearach beidh a lán áiseanna nua le soláthar i dtréimhse ghairid: beidh maoiniú agus acmhainní daonna riachtanach chun seo a chur i gcrích.</p>

D: Scoileanna

Láidreachtaí agus Deiseanna	Nótaí
<p>In 2016, bunaíodh bunscoil nua lán-Ghaeilge amháin agus iar-bhunscoil nua lán-Ghaeilge amháin. Bunaíodh ceithre bhunscoil nua lán-Ghaeilge in 2015 agus bunaíodh trí iarbhunscoil lán-Ghaeilge in 2014.</p> <p>400 dalta an tairseach i dtaca le hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge; 800-1,000 an figiúr tairsí i gcás iar-bhunscoileanna Béarla.</p>	<p>Tá an t-eagras Gaeloideachas ag cur treoirlínte le chéile do scoileanna ar mian leo a n-éiteas teanga a athrú ionas go n-aithneofar mar scoileanna lán-Ghaeilge iad feasta. Tá sruthanna Gaeilge nó aonaid Ghaeilge bunaithe ag roinnt scoileanna Béarla as siocair nach bhfuil an líon cuí daltaí ag éileamh scolaíochta Gaeilge. B'fhearr le Gaeloideachas, áfach, scoileanna lán-Ghaeilge astu féin seachas aonaid Ghaeilge.</p>
Ba dhóichí in 2013 go raibh líon na n-iarrthóirí a chuir isteach ar scoileanna lán-Ghaeilge níos airde ná líon na n-áiteanna a bhí ar fáil dóibh: d'fhreagair 66% de na scoileanna lán-Ghaeilge, gurbh amhlaidh a bhí.	<p>Tá éileamh mór ag tuismitheoirí ar scoileanna lán-Ghaeilge ach níl go leor áiteanna ar fáil do na páistí uile ar mhaith lena dtuismitheoirí iad a chur ar scoil lán-Ghaeilge.</p> <p>Tá an t-eagras Gaeloideachas ag cuidiú le scoileanna ar mhaith leo a n-éiteas teanga a athrú. Bíonn An Foras Pátrúnachta i mbun feachtasaíochta i gceantair ina mbíonn scoileanna úra le bunú leis an ghaelscolaíocht a chur chun tosaigh.</p>
Cé gur lú na hacmhainní atá ag An Foras Pátrúnachta i gcomparáid le cuid de na comhlachtaí pátrúnachta eile atá ag treabhadh an ghoirt chéanna, deir siad go n-éiríonn go maith leo dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí agus feachtais eolais ar bun acu nuair a bhíonn scoileanna nua á mbunú.	Le tuilleadh maoinithe agus acmhainní ón Roinn Oideachais, thiocfadh leis an An Foras Pátrúnachta dul i bhfeidhm ar níos mó tuismitheoirí i níos mó ceantar, rud a d'fhágfadh go mbeadh seans maith ann go dtiocfadh méadú ar líon na scoileanna lán-Ghaeilge sa stát.
I staidéar ESRI, is iad na scoileanna lán-Ghaeilge is mó (63%) a thug le fios go raibh an timpeallacht sa scoil níos sultmháire ag daltaí ná i scoileanna eile. 49% agus 37% na figiúirí cuí do scoileanna Béarla agus scoileanna Gaeltachta faoi seach.	Dea-chomhartha ó thaobh chúram tréadach na ndaltaí de is ea é go ndealraíonn sé go bhfuil na daltaí níos sásta i scoileanna lán-Ghaeilge.
Éiríonn chomh maith céanna le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge agus a éiríonn lena macasamhla i scoileanna Béarla.	

MOLTAÍ

Seo thíos na príomh-mholtaí a eascraíonn ón pháipéar seo:

Bunscoileanna

1. Tacú leis an tumoideachas/le páirt-tumadh i mbunscoileanna sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre
2. Feachtas ardú feasachta a eagrú faoi bhuntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais dírithe ar thuismitheoirí le tacú le bunú scoileanna lán-Ghaeilge agus le tacú le thuismitheoirí sa Ghaeltacht
3. Tuilleadh scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú
4. Tacú le scoileanna Béarla úsáid na Gaeilge a fheabhsú mar ábhar (má tá pobal mór báúil amuigh ansin, is mór an chabhair é)

Iar-bhunscoileanna

1. Na moltaí le sonrúchán ar leith a dhéanamh don Ghaeilge mar T1 san Ardteistiméireacht a chur i bhfeidhm
2. Caighdeán Gaeilge na múinteoirí a ardú
3. A chinntiú go bhfuil go leor múinteoirí iar-bhunscoile le hardchaighdeán Gaeilge ar fáil le hábhair uile an churaclaim a mhúineadh trí Ghaeilge.
4. Tacú le scoileanna Béarla úsáid na Gaeilge a fheabhsú mar ábhar (má tá pobal mór báúil amuigh ansin, is mór an chabhair é)

Institiúidí Tríú Leibhéal

1. Sainoilúint a chur ar fáil do mhúinteoirí nua agus do mhúinteoirí fadbhunaithe bunscoile i modhanna múinteoireachta na Gaeilge
2. Sainoilúint a chur ar fáil do mhúinteoirí nua agus do mhúinteoirí fadbhunaithe Gaeilge in iar-bhunscoileanna Gaeilge a bhíonn ag múineadh ranganna ina bhfuil leibhéal éagsúla Ghaeilge ag na daltaí (cainteoirí dúchais, páistí a bhfuil idir Ghaeilge agus Bhéarla sa bhaile acu, páistí a labhraíonn Béarla amháin sa bhaile, páistí nach labhraíonn ceachtar acu Gaeilge ná Béarla sa bhaile)
3. Cúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge a bhunú sna coláistí oideachais agus sna hollscoileanna le hoiliúint tosaigh múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile a chur ar fáil. Tá tairiscintí á lorg ag an ROS faoi láthair.
4. Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon trí oiliúint, acmhainní agus modhanna múinteoireachta den scoth a chur ar fáil.

Eile

1. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a chur i bhfeidhm ina iomlán
2. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a chur i bhfeidhm – creidtear go forleathan nach bhfuil dul chun cinn go leor déanta go dtí seo.
3. A chinntiú go bhfuil an státhóras (an Roinn Oideachais agus Scileanna, mar shampla) ábalta plé le pobal na Gaeilge ina rogha teanga ar bhonn éifeachtach
4. A chinntiú go gcuirtear an fhoireann chúil ar fáil do COGG lena dualgais bhreise maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm

AGUISÍN 1

Staid na Gaeilge sa Chóras Oideachais i bPoblacht na hÉireann

Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Dúshláin Pointí agus Ráitis Déanta ag Múinteoirí Bunscoile

San aguisín seo, tá liosta ráiteas a rinne 25 múinteoir bunscoile le Gael Linn idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2016 faoi staid na Gaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann. Tá na ráitis curtha i láthair de réir na gcatagóirí a leanas: láidreachtaí, laigí, deiseanna agus dúshláin.

Láidreachtaí:

- Is cuid den fhéiniúlacht náisiúnta í an Ghaeilge [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Is cuid dár gcultúr, dár bhféiniúlacht, agus dár n-oidhreacht í an Ghaeilge.
- Cothaíonn an Ghaeilge bród cultúrtha i measc an aosa óig.
- Bíonn scileanna cumarsáide níos fearr ag daltaí [a bhfuil Gaeilge agus Béarla acu].
- Is suim lena lán daoine an teanga a chur chun cinn.
- Tá an Ghaeilge riachtanach mar ábhar meánscoile/bunscoile [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá an Ghaeilge riachtanach mar ábhar iontrála in ollscoileanna áirithe.
- Tá deiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí don té a bhfuil Gaeilge aige nó aici.
- Tá traidisiún láidir Gaeilge sna scoileanna: tá an Ghaeilge fite i ngach gné de shaol na scoileanna.
- Tá cumas maith Gaeilge ag múinteoirí go leor.
- Tá oibríthe fabhrach don Ghaeilge.
- Tá réimse fairsing áiseanna ar fáil go héasca.
- Tá cúnaimh ar fáil do scoileanna.
- Cuidíonn an Ghaeilge le foghlaim teangacha eile [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Ba chóir don Ghaeilge bheith ag croílár an chóras oideachais.
- Tá sé an-tábhachtach ag daoine an dara teanga a fhoghlaim.
- Tá an Ghaeilge lárnach i stair agus i gcultúr na tíre [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá na téamaí agus na fo-théamaí sa churaclam nua bunaithe ar shaol na bpáistí; mar sin, tá spéis ag na páistí sna topaicí.
- Tá na snáithe éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta imeasctha lena chéile sa churaclam nua.
- Cuirtear béim ar éisteacht agus ar labhairt i ranganna na naíonán go háirithe.
- Baineann na páistí an-taitneamh as rannta, amhráin, cluichí teanga, scéalta, drámaíocht srl.
- Cuirtear béim ar éagsúlacht straitéisí a úsáid sa tseomra ranga le seans a thabhairt do pháistí an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla.

- Gaelbhratach agus Seachtain na Gaeilge.
- Tá áiseanna nua-aimseartha ar líne agus i gcló anois nach raibh ann i gcónaí, mar shampla Twinkl, TG4, na meáin dhigiteacha, ceol Choláiste Lurgan [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá tábhacht leis na modhanna múinteoireachta.
- Tá a lán múinteoirí iontacha ag múineadh ar fud na tíre.
- Tá go leor gnéithe dearfacha le fáil sa náiscolaíocht, mar shampla an bhéim ar obair ó bhéal.
- Tá réimse níos mó ábhar ar fáil anois (leabhair, cláir idirghníomhacha srl).
- Tá ocht dtéama dhifriúla sa churaclam. Déantar forbairt ar fhoclóir bliain i ndiaidh bliana. Tá amhráin agus dánta nasctha le gach téama.
- Is féidir an Ghaeilge a theagasc trasna an churaclaim.
- Cuireann múinteoirí béim ar an Ghaeilge neamhfhoirmiúil.
- Baineann buntáistí leis an dátheangachas [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá bród ar dhaltáí teanga eile seachas an Béarla a bheith acu.
- Tá an deis ag páistí dhá theanga a bheith acu agus iad a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh sa dá theanga.
- Mothaíonn an chuid is mó de na scoileanna gur fiú an Ghaeilge a bheith mar chuid den churaclam.
- Tá múinteoirí tiomanta don Ghaeilge a theagasc ar dhóigh spráúil.

Laigí:

- Tá drochthaithí ag tuismitheoirí ar an Ghaeilge.
- Tá easpa féinmhuiníne ag múinteoirí, ag foghlaimeoirí agus ag tuismitheoirí [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá struchtúr an chórais oideachais agus an churaclaim i leith na Gaeilge lag.
- Tá easpa cumais sa teanga ag múinteoirí bunscoile [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Múintear an Ghaeilge mar T2 seachas tumoideachas Gaeilge a bheith ann.
- Tá easpa tacaíochta ó thuismitheoirí ann.
- Tá easpa tacaíochta ón Roinn Oideachais (ó na státseirbhísigh) ann.
- Tá fadhbanna móra ann le múineadh na teanga ag leibhéal na meánscoile.
- Tá easnamh sa churaclam maidir le bród faoin teanga agus stair na teanga.
- Ní fhaigheann múinteoirí oiliúint i ndiaidh dóibh an coláiste oiliúna a fhágáil [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Níl caighdeán sásúil Gaeilge ag múinteoirí go leor.
- Níl go leor deiseanna ag páistí taithí a fháil ar an Ghaeilge labhartha mar theanga bheo lasmuigh den seomra ranga [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].

- Tá an-bhéim ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht fheidhmiúil sna meánranganna agus sna hardranganna.
- Tá easpa áiseanna idirghníomhacha ann do na hardranganna chun spéis na bpáistí a mhúscailt.
- Tá ganntanas acmhainní spreagúla Gaeilge ann/easpa maoinithe d'acmhainní.
- Tá easpa suime ag múinteoirí agus tuismitheoirí araon sa teanga.
- Tá caighdeán íseal Gaeilge ag formhór na múinteoirí bunscoile [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá an Ghaeilge scartha amach seachas a bheith imeasctha mar ábhar.
- Níl na téacsleabhair go maith; is deacair iad a úsáid.
- Is é meon na bpáistí, na dtuismitheoirí agus na múinteoirí é go bhfuil an Ghaeilge deacair le foghlaim agus nach bhfuil sí úsáideach.
- Tá cuid den churaclam ann nach bhfuil suas chun data.
- Tagann meath mór ar shuim na bpáistí sa teanga de réir mar a éiríonn siad níos sine.
- Tá sé níos deacra iad a tharraingt isteach ó rang a trí ar aghaidh.
- Tá meon diúltach in amanna sa bhaile [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá fadhbanna ann leis an bhealach a mhúintear an ghramadach.
- Tá géarghá le hathbhreithniú ar mhodhanna teagaisc.
- Braitheann caighdeán múinteoireachta na Gaeilge ar thiomantas bhaill shinsearachta foirne na scoile.
- Ní leor an oiliúint chéanna a bheith ann don Ghaelscolaíocht agus don Ghaeilge mar T2 [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Níl na hacmhainní céanna le fáil sa Ghaeilge agus atá sa Bhearla [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá brú ar mhúinteoirí an curaclam go léir a chlúdach.
- Bíonn ar an mhúinteoir acmhainní teagaisc a dhéanamh ó thús i gcuid mhór cásanna.
- Teipeann ar a lán daltaí inniúlacht a bhaint amach in ainneoin an méid ama a chaitear ar an teanga ag an bhunleibhéal.
- Tá na scéimeanna/leabhair ag tachtadh na Gaeilge mar ábhar (sa bhunscoil); b'fhearr díriú ar an teanga labhartha.
- Tá muinín na múinteoirí agus na ndaltaí ó thaobh na Gaeilge labhartha de ag dul i laghad ó bhliain go bliain.
- Tá easpa ama ann don Ghaeilge; tá barraíocht ar an churaclam.
- Tá easpa Gaeilge ag tuismitheoirí; ní thugann siad mórán tacaíochta don Ghaeilge. Dar leo, níl sí de dhíth sa láthair oibre.
- Tá gramadach na Gaeilge ródheacair.
- Is í an scoil an t-aon áit a mbíonn deis ag cuid mhór de na páistí an teanga a chloisteáil agus a fhoghlaim.

Deiseanna:

- Thiocfadh béim níos mó a chur ar an Ghaeilge sna coláistí oideachais.
- Níos mó oiliúna / oiliúint inseirbhíse a bheith curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa mhodheolaíocht.
- Tá an tionscnamh Gaelbhreach thar cinn.
- Aire Oideachais nua a bheadh toilteanach bille nua a chur faoi bhráid na Dála le Gaelscoil a dhéanamh de gach scoil sa tír taobh istigh de dheich mbliana. Is é an tumoideachas an t-aon chóras a oibríonn ar fud an domhain maidir le scolaíocht trí theanga nach í máthairtheanga na bpáistí í.
- Béim níos mó a chur ar labhairt na teanga [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Deiseanna feabhsaithe a bheith ar fáil do mhúinteoirí.
- An Ghaelbhreach a bheith i bhfeidhm ar fud na tíre.
- Ranganna do thuismitheoirí.
- Áis iomlán chomhtháite (ar nós Séideán Sí do na scoileanna lán-Ghaeilge) a bheith ann do mhúinteoirí i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar T2.
- Áiseanna idirghníomhacha oiriúnacha digiteacha do na páistí sna hardranganna/ranganna.
- Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ionas gur féidir leo cabhrú lena bpáistí an obair bhaile a dhéanamh.
- Áiseanna a bheith ann mar thacaíocht do mhúinteoirí a dteastaíonn uathu ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge, mar shampla corpoideachas agus ealaín.
- An Ghaeilge san Ardeistiméireacht a dheighilt ina dhá hábhar, de réir mholadh Chonradh na Gaeilge.
- Na hábhair thánaisteacha uilig sa bhunscoil a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.
- Gach coláiste oiliúna a iompú ina choláiste a mhúineann trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir an Ghaeilge a mhúineadh mar a mhúintear teangacha eile Eorpacha sna scoileanna.
- Tosaíonn na páistí ag léamh agus ag scríobh na Gaeilge go foirmiúil i Rang 2 i scoileanna Béarla. Tá sé seo an-deacair ar pháistí atá lag in ábhair eile: moltar níos mó ama a chaitheamh ar labhairt na teanga.
- Níos mó amhránaithe agus bannaí ceoil mar Seo Linn – dea-íomhá den teanga.
- Áiseanna úsáideacha: TG4, tuairisc.ie, YouTube, Coláiste Lurgan.
- Gaelbhreach – béim á cur ag muintir uile na scoile ar an Ghaeilge.
- Teagmháil le thuismitheoirí, iad a spreagadh agus tacaíocht a fháil uathu [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- An Ghaeilge a thógáil taobh amuigh den seomra ranga oiread agus is féidir.
- Béim a chur ar shult a bhaint as an teanga, mar shampla Seo Linn.
- Áiseanna iontacha iad na meáin shóisialta – dá mhéad úsáid a bhaintear astu is amhlaidh is fearr é.
- An Ghaeilge a theagasc tríd an cheol, trí dhrámaíocht agus tríd an spórt.

- Bheadh sé foirfe dá mbeadh gach bunscoil sa tír ina scoil lán-Ghaeilge.
- Tá cuid mhór deiseanna fostaíochta ag baint leis an Ghaeilge anois: obair rialtais, aistriúchán, teagasc.
- Múinteoirí a spreagadh le cúrsa Gaeltachta a dhéanamh i gcaitheamh an tsamhraidh.
- Níos mó tacaíochta do mhúinteoirí – múinteoirí taistil ar bhonn réigiúnach le fuinneamh úr a chur isteach sa teanga i scoileanna.
- Tá tacaíocht leanúnach ann don Ghaeilge sna meáin: aghaidheanna aitheanta, ceol, seónna teilifíse agus na meáin shóisialta.
- Páirt-tumoideachas i scoileanna Béarla agus an tacaíocht chuí a bheith ar fáil do scoileanna.
- Tá cúrsaí Gaeltachta an-tábhachtach do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.
- Is mithid an t-agallamh Gaeilge d'ábhair oidí atá ag iarraidh áit a fháil ar chúrsaí múinteoireachta a athbhunú [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Níos mó cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil do mhúinteoirí.

Dúshláin:

- Tá easpa eolais ag múinteoirí nua / óga.
- Tá an curaclam an-lochtach / an iomarca ar an churaclam [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá an Ghaeilge á teagasc ar an dóigh chéanna le blianta fada agus ábhair eile ag forbairt go mór.
- Tá an curaclam seanchaite agus tá amhras ann faoin churaclam nua.
- Níl na hacmhainní atá ar fáil do theagasc na Gaeilge thar mholadh beirte.
- Tá polasaithe ag an rialtas, ag an Aire Oideachais go háirithe (Márta 2016), nach bhfuil ag cuidiú leis an scéal a fheabhsú.
- Tá easpa cumais / líofachta / muiníne ag múinteoirí [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Neamhshuim tuismitheoirí [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Státseirbhísigh.
- Na meáin chumarsáide
- Daoine nach bhfuil suim acu sa Ghaeilge.
- Tá múinteoirí a bhfuil suim acu sa Ghaeilge ag obair i scoileanna lán-Ghaeilge: níl béim ar na Ghaeilge i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar T2.
- Tá an Béarla agus an Mhata chun tosaigh ar an Ghaeilge.
- Tá an curaclam lán. Tá easpa deiseanna ann leis an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den cheacht Gaeilge.
- Chítear an Ghaeilge mar ábhar scoile seachas mar theanga bheo.
- Tá tuismitheoirí ann nach bhfuil suim acu sa Ghaeilge nó atá diúltach faoin Ghaeilge [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá páistí ó thíortha eile ann nach bhfuil an tacaíocht chuí acu leis an Ghaeilge a fhoghlaim.

- Tá easpa suime ag an Roinn Oideachais sa Ghaeilge.
- Tá an t-ábhar agus an curaclam céanna in úsáid le blianta fada anuas; níor tháinig aon athrú orthu de réir mar a d'athraigh an saol.
- Tá an curaclam céanna á mhúineadh sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht.
- Tá easpa measa agus tuisceana ann ar chainteoirí dúchais.
- Caithfear cúis a bheith ann (nó rud éigin a bheith ar iarraidh) chun an Ghaeilge a fhoghlaim.
- Meon diúltach, agus dímhóthú ginearálta an phobail agus scoileanna maidir leis an teanga agus cultúr na Gaeilge [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Tá easpa maoinithe ann ón rialtas don Ghaeilge mar ábhar scoile [rinne roinnt freagróirí an pointe seo].
- Easpa Gaeilge sna meáin.
- Easpa béime ar an Ghaeilge tar éis na scolaíochta dara leibhéal.
- Easpa oiliúna do mhúinteoirí.
- Deacracht leis an mhodheolaíocht.
- In ainneoin An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 a bheith ar an fhód le 6 bliana, níl mórán dul chun cinn déanta: mar shampla, iarchéim do mhúinteoirí i ndea-chleachtais sa chóras oideachais lán-Ghaeilge.
- Neamhaird an Rialtais: tá níos mó infheistíochta sna córais oideachais Ghaeilge agus Bhéarla de dhíth maidir leis an Ghaeilge.
- Bíonn an-dochar á dhéanamh do theaghlach nuair a dhéantar moladh dalta a aistriú go córas an Bhéarla mar gheall ar shainriachtanais oideachais a bheith ag an pháiste. Ba chóir infheistíocht a dhéanamh le dul i ngleic leis an deacracht seo le scoileanna a chumasú maidir le sainriachtanais agus an Ghaeilge.
- Brú an Bhéarla agus na meán cumarsáide.
- Tá múinteoirí ann nach bhfuil suim acu sa teanga. Ní chuireann an rialtas béim dhearfach go leor ar an teanga. Tá páistí ann atá ag fágáil na bunscoile agus fuath acu ar an teanga.
- Barraíocht béime ar ghnéithe eile den teanga seachas an teanga labhartha.
- Barraíocht daltaí sna ranganna.
- Meastar nach bhfuil an Ghaeilge de dhíth sa láthair oibre.

Liosta Léitheoireachta

Ailt i Nuachtáin, in Irisí agus ar Bhlaganna

'Ask Brian: Can my school provide oral exams for Junior Cert language students?', *The Irish Times*, 12 Aibreán 2016

'An polasaí oideachais Gaeltachta le plé ag comhdháil Gaeloideachas i gCill Chainnigh', *Tuairisc.ie*, 11 Samhain 2016

'Buntáistí na Gaelscolaíochta Ar Fáil Do Chách', *Conradh na Gaeilge*, 24 Lúnasa 2015

'Cead tugtha ag an Roinn Oideachais an luath-thumoideachas Gaeilge a chur i bhfeidhm', *Tuairisc.ie*, 13 Samhain 2015

'Céard É An Scéal? Tacaíocht an Tromlaigh ag an Teanga, dar le taighde neamhspleách arna choimisiúnú ag Conradh na Gaeilge', *Conradh na Gaeilge*, 14 Nollaig 2015

'Coimisinéir inmíoch faoi chumas teanga sa Roinn Oideachais', *The Irish Times*, 1 Nollaig 2010

'Cosc curtha ag an ASTI ar mhúinteoirí aon bhaint a bheith acu le béaltríal Ghaeilge', *Tuairisc.ie*, 11 Meán Fómhair 2016

'Dearcadh úr' ag teastáil ón Roinn Oideachais maidir le maoiniú Gaelscoileanna – an tAire Oideachais', *Tuairisc.ie*, 5 Deireadh Fómhair 2016

'Féadfaidh tú dul le bunmhúinteoireacht gan bacadh le scrúdú Gaeilge scríofa na hArdteiste...', *Tuairisc.ie*, 24 Lúnasa 2016

'Gealltanais an Taoisigh – 'Táimid dáiríre faoin bpolasaí oideachais nua don Ghaeltacht agus cuirfear acmhainní ar fáil', *Tuairisc.ie*, 19 Deireadh Fómhair 2016

'Líon na ndaltaí a fuair díolúine ón Ghaeilge méadaithe ó 7,000 in 2004 go 19,000 in 2014', *Tuairisc.ie*, 25 Aibreán 2016

'Marcanna Gaeilge na hArdteiste ag ardú, ach an caighdeán ag ísliú' – Ní Mhóráin, *Tuairisc.ie*, 18 Lúnasa 2016

'Mudes teangeolaíochta agus nuachaintoírí na Gaeilge', *Walsh agus O'Rourke, COMHARTaighde, Eagrán 1*, Samhain 2015

'Multi-denominational Gaelscoil opens for pupils of 15 different nationalities', *Independent*, 2 Meán Fómhair 2016

'Opinion: How to rescue the Irish language', *The Irish Times*, 29 January 2016

'Staidéar ar nuachaintoírí Gaeilge seolta ag an gCoimisinéir Teanga', *Tuairisc.ie*, 30 Deireadh Fómhair 2015

'Thar am aghaidh a thabhairt ar dhearcadh na ndaltaí 'nach maith leo an Ghaeilge', *Tuairisc.ie*, 29 Eanáir 2016

'Tuarascáil faoi nuachaintoírí na Gaeilge á hullmhú ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh', *Tuairisc.ie*, 23 Aibreán 2015

Leabhair

Ó Murchú, *More Facts About Irish*, Coiste na hÉireann den Bhiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana Teoranta, 2008

Foilseacháin agus cáipéisí

An Coimisinéir Teanga, *Tuarascáil Bhliantúil*

An Roinn Oideachais agus Scileanna, *Curaclam Teanga na Bunscoile*, 2016

An Roinn Oideachais agus Scileanna, *Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector – Progress to Date and Future Directions*, Iúil 2014

An Roinn Oideachais agus Scileanna, *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, 2016

An Roinn Oideachais, *Review of Education in the Gaeltacht*, 24 Meán Fómhair 2013

An Roinn Oideachais agus Scileanna, *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 – Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn: 2010 go 2015*, Samhain 2015

An Roinn Oideachais agus Scileanna, *Tuarascáil Bhliantúil Staitisticí 2015/2016 – Staitisticí Oideachais Bunscolaíochta agus Iarbunscolaíochta*, 2016

Coolahan, Hussey agus Kilfeather, *The Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector – Report of the Forum's Advisory Group*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Aibreán 2012

Conradh na Gaeilge, *Céard É An Scéal? Tuairimí an Phobail i leith na Gaeilge*, 2015

Darmody agus Daly, *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, Foras na Gaeilge agus ERSI, Lúnasa 2015

Gael Linn, *Polasaí Oideachais Gael Linn*, 2011

Ó Laoire, *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar Ábhar Iar-bhunscoile*, Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Samhain 2013

Rialtas na hÉireann, *Acht na nOllscoileanna*, 1997

Rialtas na hÉireann, *Curaclam na Bunscoile*, 1999

Rialtas na hÉireann, *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, 2010

Walsh, O'Rourke agus Rowland, *Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoírí na Gaeilge*, Foras na Gaeilge, Deireadh

Ó hAiniféin, D. (2008) *An Tumoideachas in Éirinn*, Conradh na Gaeilge http://www.gaelscoileanna.ie/assets/An-Tumoideachas-in-%C3%89irinn_D%C3%B3nal-%C3%93-hAinif%C3%A9in.pdf

Ó Laoire, M. (2013) *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar Ábhar Iar-bhunscoile*, Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Ó Murchú, H., (2014) *More Facts About Irish, Volume 2*, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge [http://www.gaelport.com/uploads/documents/More%20Facts%20About%20Irish%20\(2014\)%20-%20Helen%20%C3%93%20Murch%C3%BA.pdf](http://www.gaelport.com/uploads/documents/More%20Facts%20About%20Irish%20(2014)%20-%20Helen%20%C3%93%20Murch%C3%BA.pdf)

Pétervary, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., Sheahan, J. (2014) *Iníuchadh ar an gCumas Dátheangach*, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/iniuchadh-ar-an-gcumas-datheangach.pdf>

Rialtas na hÉireann (1999) *Curaclam na Bunscoile*, Oifig an tSoláthair http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Primary_Gaeilge_Curriculum.pdf

Rialtas na hÉireann (2003) *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*, Achtanna an Oireachtais <http://acts.oireachtas.ie/ga.act.2003.0032.1.html>

Rialtas na hÉireann (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 -2030* <http://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>

Rialtas na hÉireann (2012) *Acht na Gaeltachta*, Achtanna an Oireachtais <https://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2012/a34112full.pdf>

Roinn an Taoisigh (2006) *Government Statement on the Irish Language* http://www.taoiseach.gov.ie/eng/News/Archives/2006/Government_Press_Releases_2006/Government_Statement_on_the_Irish_Language.html

Seirbhís Leabharlaine & Taighde an Oireachtais (2016) *The Irish Language – A linguistic crisis?* https://oireachtas.ie/parliament/media/housesoftheoireachtas/libraryresearch/lrsnotes/20161101__LRS-Note-Irish-language-State-policy_rev.pdf

Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., agus Millar, D. (2011) *Measúnachtaí Náisiúnta 2010 ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i Scoileanna a Bhíonn ag Teagasc trí Mheán na Gaeilge: Achoimre Tuarascála*, An Foras Taighde ar Oideachas http://www.erc.ie/documents/naims2010_achaimretuarascala.pdf

Walsh, J. agus O'Rourke, B. (2015) *Mudes teangeolaíochta agus nuachaintoírí na Gaeilge*, COMHARTaighde, Eagrán 1 <http://comhartaighde.ie/eagrán/1/walsh-orourke/>

Walsh, J., O'Rourke, B., Rowland, H. (2015) *Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoírí na Gaeilge*, Foras na Gaeilge

Suíomhanna gréasáin

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh - Cáilíochtaí múinteora

http://www.citizensinformation.ie/ga/education/primary_and_post_primary_education/teachers_and_schools/teacher_qualifications_at_primary_and_post_primary_level.html

An Chomhaile um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

<http://www.cogg.ie/>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – Curaclam Gaeilge na Sraithe Sinsearaí

<http://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Gaeilge?lang=ga-IE>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – Curaclam Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

<http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Gaeilge>

Coimisiún na Scrúduithe Stáit – Staitisticí maidir le scrúduithe stáit

<https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=st&sc=r16>

Gaeloideachas (Gaelscoileanna Teo) – Cáilíochtaí

www.gaelscoileanna.ie/cailiochtaí

Gael Linn